# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

# GALWAY COUNTY COUNCIL

# Na Fodhlíthe maidir le Rialáil Chuan Inis Oírr 2022

1 Údarú agus Tosach Feidhme ..... 5

1.1 Limistéar Riaracháin ..... 5

1.2 Na Fodhlíthe a Lua ..... 5

1.3 Dáta Feidhme ..... 5

2 Mínithe ..... 5

2.1 An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) ..... 5

2.2 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair ..... 5

2.3 Na hAchtanna Rialtais Áitiúil ..... 5

2.4 Na hAchtanna Cuanta ..... 5

2.5 An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí ..... 6

2.6 An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar ..... 6

2.7 Na Rialacháin ..... 6

2.8 An tAcht um Dhumpáil ar Farraige ..... 6

2.9 An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe ..... 6

2.10 Na Rialacháin um Imbhualadh ..... 6

2.11 Údarás Áitiúil ..... 6

2.12 Duine Inniúil ..... 6

2.13 I mBeart ..... 6

2.14 An Cuan ..... 6

2.15 An Chuisle ..... 7

2.16 Máistir Cuain ..... 7

2.17 Duine Údaraithe ..... 7

2.18 Soitheach ..... 7

2.19 Soitheach Díolmhaithe ..... 7

2.20 Feistithe ..... 7

2.21 Feistiúchán ..... 7

2.22 Iasc ..... 8

2.23 Máistir ..... 8

2.24 Earraí ..... 8

2.25 Feithicil ..... 8

2.26 Gléasra ..... 8

2.27 Scaird-Scí ..... 8

2.28 Mótarbhád Mear ..... 8

2.29 Bád farantóireachta ..... 8

2.30 Oibritheoir Báid Farantóireachta ..... 9
2.31 Úinéir ..... 9
2.32 Fad ..... 9
2.33 An Piara ..... 9
2.34 An Fánán ..... 9
2.35 An Ché ..... 9
2.36 Paisinéirí ..... 9
2.37 Na hOileáin ..... 10
2.38 Soitheach Tarraingthe Suas ..... 10
2.39 An Limistéar Feithimh ..... 10
2.40 Comhaontú Oibriúcháin ..... 10
2.41 Cead ..... 10
2.42 Bothán ..... 10
2.43 Substaint Dhíobhálach ..... 10
2.44 Uatha agus Iolra ..... 10
3 Gluaiseacht Soithí sa Chuan ..... 12
3.1 Loingseoireacht ..... 12
3.2 Teacht Isteach / Imeacht laistigh den Chuan ..... 14
3.3 Fógra a thabhairt faoi Thionóiscí ..... 15
4 Soithí atá ar Stad sa Chuan ..... 17
4.1 Ginearálta ..... 17
4.2 Ionad an Bhirt ..... 17
4.3 Iompar Cuí le linn a bheith ar feistiú ..... 18
4.4 Bacainní ar an gCuan ..... 21
4.5 Obair ar Shoithí ..... 22
4.6 Tionóiscí ..... 22
5 Oibríochtaí maidir le Lódáil/Dílódáil Soithí ..... 23
5.1 Ní chuirfear bac ar Shoithí eile ..... 23
5.2 Scor d'oibríochtaí tar éis Treoracha a fháil ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe ..... 23
5.3 Tréimhse shonraithe lódála/dílódála ..... 23
5.4 Solas dóthanach ..... 23
5.5 Sábháilteacht ..... 23
5.6 Cainníocht iomarcach ábhair chontúirtigh ..... 23
5.7 Cipíní, lastóirí etc. a úsáid ..... 24
5.8 Trealamh comhraicthe dóiteáin ..... 24
5.9 Coimeádáin a fhágtar ar an bPiara nó ar an bhFánán ..... 24
5.10 Dliteanas i leith Earraí a chailltear nó a ndéantar damáiste dóibh ..... 24

5.11 Beostoc ... 24
6 Oibríochtaí maidir le Tógáil ar Bord / Cur i dTír ... 25
6.1 Soithí Paisinéirí ... 25
6.2 Ní chuirfear bac ar Shoithí eile ... 26
6.3 Scor d'oibríochtaí tar éis Treoracha a fháil ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe ... 26
6.4 Tréimhse shonraithe lódála / dílódála ... 27
6.5 Solas dóthanach ... 27
6.6 Sábháilteacht ... 27
7 Feithiclí sa Chuan ... 27
7.1 Gluaiseacht Feithiclí ... 27
7.2 Riocht Feithiclí ... 28
8 Ginearálta ... 29
8.1 Earraí sa Chuan ... 29
8.2 Torann nó Gníomhaíochtaí Míchuí ... 30
9 Muirir Chuain ... 33
9.1 An Chéad Sceideal ... 33
9.2 Muirir ... 33
9.3 Muirir Phaisinéirí ... 33
9.4 Muirir ar Earraí ... 33
9.5 Muirir is iníoctha le Comhairle Chontae na Gaillimhe ... 33
9.6 Fógra maidir le teacht chun gur féidir muirir a ríomh ... 34
9.7 Díolúine ó tháillí ... 34
10 Pionóis, Fíneálacha agus Ionchúisimh ... 34
10.1 Ciontú achomair ... 34
10.2 Fógraí Íocaíochta Seasta ... 35
11 Díolúintí ... 36
11.1 Díolúintí ... 36
12 Na Sceidil ... 37
12.1 An Chéad Sceideal: Muirir Chuain ... 37
12.2 Fógra Íocaíochta Seasta ... 40
12.3 An Tríú Sceideal: Comhaontú Oibriúcháin le haghaidh Soitheach Paisinéirí ... 41
12.4 An Ceathrú Sceideal: Cead Soithigh Paisinéirí ... 43
12.5 Aguisín 1: Líníocht Uimh. 1 – Dlínse an Chuain ... 45

## 1 Údarú agus Tosach Feidhme

### 1.1 Limistéar Riaracháin

Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe, arb í an tÚdarás Áitiúil í a bhfuil Inis Oírr, Oileáin Árann, i gContae na Gaillimhe, san áireamh ina limistéar riaracháin agus a bhfuil **Cuan Inis Oírr** faoine rialú, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le Cuid 19 (Fodhlíthe) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, agus de bhua Alt 89 den Acht Cuanta, 1996, agus Ailt 13 agus 42 den Acht Cuanta sin, arna leasú, agus an séú sceideal a ghabhann leis an Acht sin, arna leasú, leis seo na Fodhlíthe seo a leanas.

### 1.2 Na Fodhlíthe a Lua

Na Fodhlíthe maidir le Rialáil Chuan Inis Oírr, Contae na Gaillimhe, is teideal do na Fodhlíthe seo agus beidh feidhm acu maidir le “an Cuan” arna mhíniú i gCuid 2 de na Fodhlíthe seo,

### 1.3 Dáta Feidhme

Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2022.

## 2 Mínithe

Sna Fodhlíthe seo a leanas, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, beidh leis na focail nó na habairtí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh faoi seach:

### 2.1 An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce)

Ciallaíonn “An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce)” an tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990, agus aon leasuithe air nó aon rialacháin faoi.

### 2.2 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Ciallaíonn “An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair” an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus aon leasuithe ar an Acht sin agus aon rialacháin faoi.

### 2.3 Na hAchtanna Rialtais Áitiúil

Ciallaíonn “Na hAchtanna Rialtais Áitiúil” an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, agus an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, agus aon leasuithe ar na hAchtanna sin nó aon rialacháin fúthu.

### 2.4 Na hAchtanna Cuanta

Ciallaíonn “Na hAchtanna Cuanta” an tAcht Cuanta, 1996, agus aon leasuithe ar na hAchtanna sin nó aon rialacháin fúthu.

### *2.5 An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí*

Ciallaíonn "An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí" an tAcht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005, agus aon leasuithe ar an Acht sin nó aon rialacháin faoi.

### *2.6 An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar*

Ciallaíonn "An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar" an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, agus aon leasuithe ar an Acht sin nó aon rialacháin faoi.

### *2.7 Na Rialacháin*

Ciallaíonn "Na Rialacháin" na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Fodhlíthe), 2006, agus aon leasuithe ar na Rialacháin sin nó ag aon rialacháin fúthu.

### *2.8 An tAcht um Dhumpáil ar Farraige*

Ciallaíonn "An tAcht um Dhumpáil ar Farraige" an tAcht um Dhumpáil ar Farraige, 1996, agus aon leasuithe ar an Acht sin nó aon rialacháin faoi.

### *2.9 An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe*

Ciallaíonn "An tAcht Shláinte agus Leas Ainmhithe" an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013, agus aon leasuithe ar an Acht sin nó aon rialacháin arna ndéanamh nó arna gcur i bhfeidhm faoi.

### *2.10 Na Rialacháin um Imbhualadh*

Ciallaíonn "Na Rialacháin um Imbhualadh" na Rialacháin Idirnáisiúnta chun Imbhualadh ar Muir a Chosc, 1972, mar aon le haon bhreisithe, leasuithe nó scriostaí arna ndéanamh ar na Rialacháin sin ina dhiaidh sin.

### *2.11 Údarás Áitiúil*

Ciallaíonn "Údarás Áitiúil", chun críocha na bhFodhlíthe seo, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

### *2.12 Duine Inniúil*

Is é atá in "Duine Inniúil" ná duine arb amhlaidh ina leith, ag féachaint don tasc a gceanglaítear air nó uirthi é a chomhlíonadh agus méid nó guaiseacha (nó méid agus guaiseacha) an ghnóthais nó an bhunachais ina ndéanann sé nó sí obair á cur nó á gcur i gcuntas, go bhfuil oiliúint, taithí agus eolas leordhóthanach aige nó aici de réir mar is cuí maidir le cineál na hoibre atá le déanamh.

### *2.13 I mBeart*

Ciallaíonn " i mBeart", nuair a úsáidtear é i ndáil le Soitheach, daingnithe de phiara, de ché, de bhalla, de phort, de phontún, d'ardán nó de dheilf, nó d'aon Soitheach eile atá daingnithe amhlaidh.

### *2.14 An Cuan*

Ciallaíonn "an Cuan" na huiscí cósta ag Bá Inis Oírr, agus Piara Inis Oírr san áireamh, ar uiscí iad a bhfuil dath dearg orthu ar an léarscáil atá i gceangal leis seo atá séalaithe le Séala Chomhairle Chontae na Gaillimhe (Aguisín 1).

### *2.15 An Chuisle*

Ciallaíonn "An Chuisle" aon chainéal inseolta laistigh den Chuan.

### *2.16 Máistir Cuain*

Ciallaíonn "Máistir Cuain", i gcomhthéacs na bhFodhlíthe seo an duine a bheidh ceaptha i scríbhinn ag Comhairle Chontae na Gaillimhe mar Mháistir Cuain agus/nó aon "Duine Údaraithe" eile arna mhíniú nó arna míniú sna Fodhlíthe seo.

### *2.17 Duine Údaraithe*

Ciallaíonn "Duine Údaraithe" duine atá údaraithe i scríbhinn, de thuras na huaire, ag Comhairle Chontae na Gaillimhe de bhua alt 204(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Is Duine Údaraithe é nó í freisin comhalta den Gharda Síochána de bhua fhorálacha alt 204(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

### *2.18 Soitheach*

Ciallaíonn "Soitheach" árthach uisce-iompartha d'aon chineál cibé acu uathghluaiste nó nach ea agus aon rud eile atá tógtha nó oiriúnaithe chun snámh nó ainliú ar uisce nó chun é a thumadh in uisce.

### *2.19 Soitheach Díolmhaithe*

Ciallaíonn "Soitheach Díolmhaithe" Soitheach nach Bád Farantóireachta é agus nach bhfruilítear le haghaidh gnóthachan tráchtála le linn paisinéirí mó earraí a iompar de mhuir.

### *2.20 Feistithe*

Ciallaíonn "Feistithe", nuair a úsáidtear i ndáil le haon Soitheach é, aon Soitheach:

a. a dhaingnítear de shlabhra feistiúcháin nó de bhaoi feistiúcháin ar a thosach nó ar a dheireadh, nó ar a thosach agus ar a dheireadh, ar feistiúchán é a sholáthraítear chun na críche sin; nó
b. a dhaingnítear d'aon Soitheach eile atá arna dhaingniú amhlaidh; nó
c. a dhaingnítear ar a thosach agus ar a dheireadh le hancaire in ionad sa Chuan.

### *2.21 Feistiúchán*

Folaíonn "Feistiúchán" aon phíle, pontún nó déanmhas eile den tsamhail chéanna, aon ancaire, cábla nó tácla eile atá ceaptha chun Soithí a dhaingniú, cibé acu is le Comhairle Chontae na Gaillimhe é nó nach ea nó a sholáthraíonn

nó nach soláthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe é agus folaíonn sé ancaireacht.

### 2.22 Iasc

Tá le "Iasc" an bhrí a shanntar dó san Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14 de 1959), arna leasú.

### 2.23 Máistir

Ciallaíonn "Máistir", i ndáil le Soitheach, an duine a bhfuil an Soitheach faoina cheannas nó faoina ceannas, faoina bhainistiú nó faoina bainistiú nó faoina chúram nó faoina cúram de thuras na huaire, ach ní fholaíonn sé píolóta.

### 2.24 Earraí

Folaíonn "Earraí" Iasc, Boscaí éisc, beostoc, ainmhithe, mianraí, gréithe, airnéisí, ballasta, ábhair thógála, adhmad, earraí tís, gaineamh, gairbhéal agus ábhair dhreideála chomh maith le marsantas de gach tuairisc.

### 2.25 Feithicil

Folaíonn "Feithicil" agus "feithicil innealghluaiste", arna míniú de réir théarmaí an Achta um Thráchta ar Bhóithre, 1961, agus, ina theannta sin, folaíonn sé aon chapall agus/nó fruilcharráiste capalltarraingthe, carr cliathánach nó ítim tharraingthe amhail leantóir báid.

### 2.26 Gléasra

Ciallaíonn "Gléasra" gach feithicil, inneall, rothar, gluaisrothar, trucail, lampa comharthaíochta, innealra, craein, fiarchosa, meá-mheaisín, sconna, comhla, hiodrant, sloc comhla, sloc hiodraint, tochard, baoi, mullard deilfín, giara, comharthaí, fógraí, meaisín, aláram dóiteáin, dréimire, scafall, uirlis, gaireas, feisteas agus fearas sa Chuan.

### 2.27 Scaird-Scí

Ciallaíonn "Scaird-Scí" árthach áineasa cumhacht-oibrithe nó dobhar-árthach pearsanta arna thiomáint le scaird uisce agus é in ann taisteal ar ardluas.

### 2.28 Mótarbhád Mear

Ciallaíonn "Mótarbhád Mear" árthach cumhacht-oibrithe seachas scaird-scí ar árthach é atá in ann taisteal ar ardluas cibé acu atá sé, nó nach bhfuil sé, ag gabháil d'fhearais eile a tharraingt.

### 2.29 Bád farantóireachta

Ciallaíonn "Bád Farantóireachta" Soitheach a ghabhann go heisiach nó ar shlí eile d'iompar Paisinéirí nó Earraí de mhuir, a bhfuil a Úinéir ceadúnaithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus a sealbhaíonn a Úinéir "Cead" bailiú arna eisiúint ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Paisinéirí nó Earraí a iompair de mhuir "ón bPiara" nó "chuig an bPiara".

### *2.30 Oibritheoir Báid Farantóireachta*

Ciallaíonn “Oibritheoir Báid Farantóireachta” an duine aonair, na daoine aonair nó an chuideachta ar a bhfuil freagracht i ndáil le Bád Farantóireachta.

### *2.31 Úinéir*

Folaíonn “Úinéir”,

a. nuair a úsáidtear é i ndáil le Soitheach, aon pháirtúinéir, bróicéir, gníomhaire, morgáistí nó cairtfhostóir a bhfuil an Soitheach sin ina sheilbh nó ina seilbh, nó aon duine nó daoine eile atá i dteideal, de thuras na huaire, an Soitheach a shealbhú;
b. nuair a úsáidtear é i ndáil le hEarraí (arna míniú anseo ina dhiaidh seo), aon choinsíneoir, choinsíní, loingseoir nó gníomhaire maidir le díol, fáil, coimeád, lódáil nó dílódáil agus imréiteach na nEarraí sin agus folaíonn sé freisin aon duine eile atá i bhfeighil na nEarraí mar aon lena ghníomhaire i ndáil leis sin; agus
c. nuair a úsáidtear é i ndáil le Feithicil nó ítim Gléasra, aon pháirtúinéir, gníomhaire nó duine eile a bhfuil an Fheithicil faoina chúram nó faoina cúram de thuras na huaire.

### *2.32 Fad*

Ciallaíonn “Fad”, i gcás ina n-úsáidtear é i ndáil le Soitheach arna thuairisciú sna Fodhlíthe seo, an fad foriomlán arna thomhas ó thosach do deireadh.

### *2.33 An Piara*

Ciallaíonn “an Piara” Piara Inis Oírr, arna mhíniú de réir an achair atá imlínithe i ndath dearg ar an léarscáil sin atá séalaithe le Séala Chomhairle Chontae na Gaillimhe (Aguisín 1)

### *2.34 An Fánán*

Ciallaíonn “an Fánán” Fánán Inis Oírr.

### *2.35 An Ché*

Ciallaíonn “Cé” aon ché, caladh, lamairne, deilfín, ardán teacht i dtír nó aon déanmhas eile a úsáidtear chun Soithí a chur i mbeart nó a fheistiú, agus folaíonn sé aon phiara, ród nó cosán atá díreach tadhlach leis na nithe sin agus a thugann rochtain orthu.

### *2.36 Paisinéirí*

Ciallaíonn “Paisinéirí” daoine a úsáideann Bád Farantóireachta arna mhíniú

sna Fodhlíthe seo.

### 2.37 Na hOileáin

Ciallaíonn "na hOileáin" Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe, atá suite amach ó Chósta Thiar Chontae na Gaillimhe.

### 2.38 Soitheach Tarraingthe Suas

Deirtear go bhfuil soithí Tarraingthe Suas más rud é nach bhfuil siad i seirbhís ghníomhach; go bhfuil siad as feidhm chun iad a fheistiú, go bhfuil siad ag fanacht le margaí níos fearr, go bhfuil obair ag teastáil ina leith i gcomhair aicmiúcháin nó nach bhfuil siad cláraithe nó ceadúnaithe nó go bhfuil siad díchláraithe nó gur seanchabhlacha nó soithí tréigthe iad.

### 2.39 An Limistéar Feithimh

Ciallaíonn "an Limistéar Feithimh" an limistéar atá le comhaontú i scríbhinn leis an Oibritheoir Báid Farantóireachta agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe sula n-eisítear "Cead". Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an limistéar sin a leagan amach arb é an limistéar é ar laistigh de nach mór don Oibritheoir Báid Farantóireachta a chinntiú, ina dhiaidh sin, a mhéid a bhaineann leis na Paisinéirí go léir a théann i scuaine ann, go ndéanann siad amhlaidh ar mhodh ordúil sábháilte roimh imeacht dóibh.

### 2.40 Comhaontú Oibriúcháin

Ciallaíonn "Comhaontú Oibriúcháin" an comhaontú ina bhfuil na coinníollacha ar faoina réir a thugtar údarú don Sealbhóir Ceada agus beidh an Comhaontú Oibriúcháin sin san fhoirm atá leagtha amach sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

### 2.41 Cead

Ciallaíonn "Cead" an doiciméad a eisíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Oibritheoir Báid Farantóireachta agus lena bhforordaítear na coinníollacha ar fúthu nach mór Bád Farantóireachta a oibriú "laistigh den Chuan".

### 2.42 Bothán

Ciallóidh an focal "bothán" aon bhothán, stóras, sadhlann nó déanmhas eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus a úsáidtear chun earraí a ghlacadh sa chuan nó a thabhairt amach as an gcuan nó le haghaidh aon úsáid eile.

### 2.43 Substaint Dhíobhálach

Folaíonn "Substaint Dhíobhálach" gach ábhar truailliúcháin, eisilteach séarachta agus eisilteach trádála eile arna mhíniú in Acht 1977 agus folaíonn sé ruma-uisce freisin.

### 2.44 Uatha agus Iolra

Aon fhocail lena ngabhann brí uatha folóidh siad an uimhir iolra i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs amhlaidh, agus aon fhocail lena ngabhann brí iolra folóidh siad an uimhir uatha i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs amhlaidh.

## 3 Gluaiseacht Soithí sa Chuan

### 3.1 Loingseoireacht

#### 3.1.1 Rialú ag an Máistir Cuain / ag Duine Údaraithe

Beidh Soithí atá laistigh de Dhlínse an Chuain faoi réir a rialaithe ag an Máistir Cuain / Duine Údaraithe gach tráth agus ar gach slí agus déanfaidh Máistir aon Soithigh den sórt sin treoracha an Mháistir Cuain / Duine Údaraithe a urramú.

#### 3.1.2 Treoracha ón Máistir Cuain / ó Dhuine Údaraithe

Ní dhéanfaidh aon treoir a thugann an Máistir Cuain / Duine Údaraithe do Mháistir Soithí, nó aon cheanglas a fhorchuireann an Máistir Cuain / Duine Údaraithe ar Mháistir Soithigh, leathnú nó laghdú ar aon fhreagracht i ndáil le cúram cuí agus aird chuí a fheidhmiú i leith a Shoithigh, nó i leith lasta an tSoithigh, ná ní scaoilfidh aon treoir nó ceanglas den sórt sin Máistir Soithigh ó na Rialacháin Idirnáisiúnta agus / nó na Rialacháin um Imbhualadh a chomhlíonadh.

#### 3.1.3 Loingseoireacht ar mhodh ceart mairnéalaigh

Déanfaidh Máistir Soithigh atá ag tarraingt ar an gCuan, ag dul isteach sa Chuan, ag imeacht as an gCuan agus / nó atá ag gluaiseacht laistigh den Chuan a chinntiú go ndéantar an Soitheach sin a loingsiú ar mhodh cuí agus ar mhodh ceart mairnéalaigh ionas nach gcuirtear beatha i mbaol ná nach bhfuil sé ina chúis le díobháil do dhaoine nó le damáiste do mhaoin agus nach mbacann sé loingsiú, ainliú, lódáil nó díluchtú Soithí, ná nach ndéanann sé dochar do na nithe sin, ná nach ndéanann sé damáiste gan ghá don Phiara nó do mhaoin eile. Beidh an Soitheach sin faoi réir na Rialachán um Imbhualadh agus na Rialachán Muirí gach tráth agus loingseofar é gach tráth de réir luas nach mó ná na Luasteorann 5 Mhuirmhíle san uair.

#### 3.1.4 Patróil, Gardaí, etc

Ní bheidh feidhm ag an bhFodhlí seo maidir le haon Soitheach aon tráth a bhfuil sé ag gabháil d'fhorfheidhmiú bona fide an dlí nó do mhisin éigeandála nó tarrthála nó a bhfuil sé á úsáid le haghaidh oibríochtaí patróil, comhraicthe dóiteáin nó tarrthála in imthosca inar dóigh go mbeadh an luasteorainn ina bac ar úsáid an tSoithigh chun na críche ar chuige atá sé á úsáid an tráth sin.

#### 3.1.5 An Soitheach is tapa ag scoitheadh an chinn is moille

Ní dhéanfar rásaíocht, ná ní fhéachfar le hiarracht ar rásaíocht a dhéanamh, idir soitheach inneallghluaiste agus soitheach eile ná ní fhéachfar le soitheach inneallghluaiste a chur ag gluaiseacht i ndiaidh Soitheach eile, nó le soitheach eile atá ag dul sa treo céanna a scoitheadh, ach amháin ag achar sábháilte, agus ligfidh an Soitheach is moille don Soitheach is airde luais é a scoitheadh ar thaobh an Chuain.

#### 3.1.6 Cúrsa agus Luas Soithigh a Rialáil

Déanfaidh Máistir aon Soithigh, le linn a bheith ag tarraingt ar aon dreidire,

lichtéir, gaireas tumadóireachta nó aon Soitheach eile atá ina stad in aon chuid den Chuan, nó le linn a bheith ag tarraingt ar aon bháirse, bád freastail, bád farantóireachta nó árthach beag eile, bíodh sé ina stad nó faoi ghluaiseacht, cúrsa agus luas a Shoithigh a rialáil ionas nach ndéantar damáiste don dreideáil nó don tumadóireacht, nó nach gcuirtear isteach ar an dreideáil nó ar an tumadóireacht nó nach ndéantar díobháil don dreidire, don lichtéir, don ghaireas tumadóireachta, do na tumadóirí nó do Shoitheach, do bháirse, do bhád freastail, do bhád farantóireachta nó d'árthach beag eile nó nach gcuirtear sábháilteacht na nithe sin i mbaol.

### 3.1.7 Soitheach a théann i bhfostú

Ní dhéanfaidh Máistir nó Úinéir Soithigh, go faillíoch nó go toiliúil, a ligean don Soitheach dul i bhfostú sa Phiara, san Fhánán nó in aon cheann de na Céanna, lamairní, slipeanna, cuaillí, baoithe, oibreacha, Gléasraí, daingneáin nó Soithí nó in aon maoin eile sa Chuan.

### 3.1.8 Cumarsáid ón bPiara

Ní fhéachfaidh aon duine seachas an Máistir Cuain / Duine Údaraithe le gluaiseacht aon Soitheach laistigh den Chuan a rialáil, a rialú nó a athrú (trí scairteadh, trí ghlaoch nó trí chumarsáid eile ón bPiara, ón bhFánán nó ó aon chuid eile de Chuan).

### 3.1.9 Rochtain ar Bhád Tarrthála

Ní chuirfear aon soitheach i mbeart taobh leis an bpiara ar mhodh ina gcuirfí bac ar rochtain ar chéimeanna an phiara. Tá an chuid den phiara ag staighre an phiara le coimeád glan ar gach feithicil le go mbeidh rochtain ag Báid Tarrthála agus ag aon soithí éigeandála uirthi.

### 3.1.10 Treoracha maidir le dul i mbeart

Féadfaidh an Máistir Cuain / Duine Údaraithe a chinneadh treoir a thabhairt do Mháistir Soithigh an Soitheach sin a chur i mbeart, a fheistiú nó a bhogadh agus i gcás ina dtarlaíonn sé:

a. nach ndéantar de réir na treorach sin;
b. nach bhfuil aon duine ar bord; nó
c. nach féidir teacht ar an Máistir tar éis fiosrúchán réasúnach; nó
d. nach bhfuil an Máistir in ann an tasc a treoraíodh a chur i gcrích mar gheall ar dhrochshláinte, éagumas nó meisce;

féadfaidh an Máistir Cuain / Duine Údaraithe socrú a dhéanamh maidir leis an Soitheach a fheistiú, a chur i mbeart nó a bhogadh, de réir mar a bheidh, ar phriacal an Úinéara. I ngach cás, déanfar an costas ina leith sin a mhuirearú ar Mháistir nó ar Úinéir an tSoithigh agus beidh sé inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

### 3.1.11 Úsáid mhícheart na Cuisle

Ní dhéanfaidh Máistir Soithigh, gan spleáchas do mhéid an tsoithigh, (seachas

Soitheach ar ina leith ar thug an Máistir Cuain / Duine Údaraithe ina leith dul ar ancaire nó feistiú sa chuan) úsáid a bhaint as Cuisle ar shlí ina ndéantar bac a chur ar Shoithí eile a bhfuil an Chuisle ag teastáil uathu i gcomhair loingseoireachta nó ina gcuirtear Soithí eile den sórt sin i mbaol nó ina gcuirtear isteach orthu ar shlí eile.

#### 3.1.12 Loingseoireacht faoi sheolta agus ar mhodh meicniúil

Déanfaidh feithiclí atá in ann loingsiú faoi sheolta agus ar mhodh meicniúil araon loingsiú ar mhodh meicniúil sa Chuan agus laistigh de 300m ón gCuan.

#### 3.1.13 Freagracht

Beidh freagracht iomlán ar Mháistrí i ndáil lena Soithí a chur i mbeart nó a fheistiú go sábháilte.

#### 3.1.14 Duine Inniúil ar bord

Déanfaidh Máistir Soithigh, le linn dó nó di a bheith ag gluaiseacht sa Chuan, a chinntiú go bhfuil Duine Inniúil amháin ar a laghad ar bord i gcónaí chun an soitheach a loingsiú agus a bhainistiú.

#### 3.1.15 Slánaíocht do Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Tá oibleagáid ar Oibritheoirí Soithí freisin Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Aire na Mara a shlánú i leith aon tionóiscí a tharlaíonn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tráchtála a chuireann siad i gcrích ag Cé nó ag an gCuan. Má iarrtar orthu déanamh amhlaidh, ní mór dóibh fianaise a thabhairt ar aird do Chomhairle Chontae na Gaillimhe á rá go slánaíonn a gcuid Polasaithe Árachais Comhairle Chontae na Gaillimhe go hiomlán i leith gach éilimh ó thríú páirtithe nó óna n-ionadaithe pearsanta agus óna gcleithiúnaithe, faoin Acht um Shlánaíocht Sibhialta, 1961, arna leas nó faoi aon reacht eile nó faoin dlí coiteann, ar éilimh iad maidir le díobhálacha, caillteanas nó damáiste a bhaineann do na tríú páirtithe sin nó dá maoin.

#### 3.1.16 Tionchar dí nó drugaí

Ní dhéanfaidh Máistir nó aon duine eile Soitheach a loingsiú sa Chuan le linn a bheith faoi thionchar dí nó drugaí.

### *3.2 Teacht Isteach / Imeacht laistigh den Chuan*

#### 3.2.1 Teacht Isteach tuartha a chur in iúl

Déanfaidh Máistir nó Úinéir Soithigh, seachas Soitheach iascaireachta áitiúil nó Soitheach iascaireachta ag a bhfuil fad cláraithe 29 méadar nó níos lú nó ag a bhfuil glantonnáiste cláraithe 61 tona (169.80 méadar ciúbach) nó níos lú, tuairisc a thabhairt don Mháistir Cuain, dhá uair an chloig roimh theacht isteach sa Chuan, faoin am tuartha teacht isteach, mar aon le mionsonraí faoi thonnáiste agus doimhneacht snámha an tSoithigh, agus déanfaidh an Máistir Cuain / Duine Údaraithe beart a shannadh don Soitheach má tá a leithéid ar fáil.

3.2.2 Fógra go bhfuil ar intinn Soitheach a aistriú

Déanfaidh Máistir Soithigh, seachas Soitheach iascaireachta ag a bhfuil fad cláraithe 29 méadar nó níos lú nó ag a bhfuil glantonnáiste cláraithe 61 tona (169.80 méadar ciúbach) nó níos lú, tuairisc a thabhairt don Mháistir Cuain / Duine Údaraithe, dhá uair an chloig roimh an Soitheach a aistriú ó bheart sa Chuan, á rá go bhfuil ar intinn aige déanamh amhlaidh.

3.2.3 Toiliú ón Máistir Cuain / ó Dhuine Údaraithe

Ní dhéanfar aon Soitheach a bhogadh ó bheart amháin go ceann eile ach amháin le toiliú a fháil roimh ré ón Máistir Cuain / Duine Údaraithe. Ar choinníoll i gcónaí go bhféadfar an Soitheach a bhogadh i gcás nach féidir teacht ar an Máistir Cuain / Duine Údaraithe tar éis fiosrúchán réasúnach agus go bhfuil bogadh an tSoithigh de réir an chleachtais a cheadaíonn an Máistir Cuain / Duine Údaraithe de ghnáth. I ngach cás den sórt sin, ní mór don Mháistir fógra i scríbhinn a fhágáil (ag seoladh an Mháistir Cuain / Duine Údaraithe) á rá go bhfuil sé ar intinn aige an Soitheach a bhogadh ar fógra é ina leagtar amach ainm an tSoithigh agus an beart ar chuige a bheartaítear an Soitheach a bhogadh.

3.2.4 Nósanna Imeachta maidir le Rialú agus iontráil a dhiúltú

Chun rialú a dhéanamh ar chainníocht, ar chineál agus ar mhéid na Soithí, na bhFeithiclí, an Ghléasra agus na nEarraí a théann tríd an gCuan agus a úsáideann saoráidí na Cé, forchoimeádann an Máistir Cuain / Duine Údaraithe an ceart chun nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le rialú nó féadfaidh sé, má mheastar gur gá déanamh amhlaidh, iontráil isteach i saoráidí an Chuain nó sa Ché a cheadú, nó a dhiúltú, do Shoithí, d’Fheithiclí, do Ghléasra, do Lasta agus d’Earraí.

### *3.3 Fógra a thabhairt faoi Thionóiscí*

3.3.1 An Máistir a thuairisceoidh tionóisc

Déanfaidh Máistir Soithigh:

a. ar bhain imbhualadh le haon Soitheach nó maoin eile dó, nó a cuireadh go tóin poill nó atá tar éis dul i dtalamh nó atá i suí tirim laistigh den Chuan; nó
b. atá, de dheasca tionóisce, dóiteáin, lochta nó cúis eile, i riocht de chineál a fhágann go bhfuil difear déanta dá loingsiú go sábháilte nó go bhfuil sé ina chúis le contúirt do Shoithí eile nó do mhaoin eile; nó
c. atá ina chúis le bac ar Fhánán ar aon slí; nó
d. a sceith aon Substaint Dhíobhálach; nó
e. a bhfuil aon rud a d'fhéadfadh bac a chur ar Fhánán caite thar bord nó caillte aige; nó

f. ar bhain "Staid Chóngair" dó a bhféadfadh aon cheann de na teagmhais a liostaítear in (a) go (e) thuas nó aon teagmhas eile a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann dá bharr leanúint aisti;

an teagmhas a chur in iúl láithreach don Mháistir Cuain / Duine Údaraithe agus mionsonraí iomlána a sholáthar dó i scríbhinn agus, i gcás ina bhfuil an damáiste don Soitheach de chineál a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, do mhuiracmhainneacht an tSoithigh, ní bhogfaidh an Máistir an Soitheach ach amháin chun an Fánán a réiteach nó chun an Soitheach a chur i mbeart, a fheistiú nó a chur ar ancaire go sábháilte ach amháin le cead, agus de réir treoracha, ón Máistir Cuain / Duine Údaraithe.

# 4 Soithí atá ar Stad sa Chuan

## 4.1 Ginearálta

### 4.1.1 Orduithe ón Máistir Cuain / ó Dhuine Údaraithe

D’ainneoin aon fhoráil eile de na Fodhlíthe seo, is ionann mainneachtain ar thaobh an Mháistir, ar thaobh an Úinéara, ar thaobh seirbhísigh, ar thaobh gníomhaire nó ar thaobh duine eile aon ordacháin, treoracha nó cead a thugann an Máistir Cuain / Duine Údaraithe don duine sin ó bhéal nó i scríbhinn a chomhlíonadh agus sárú ar an bhFodhlí ar faoi a tugadh an t-ordachán, an fógra nó an cead sin. Ní bheidh sé de cheangal ar dhuine ordacháin, treoracha nó cead an Mháistir Cuain / Duine Údaraithe a chomhlíonadh mura rud é go ndéanann an Máistir Cuain / Duine Údaraithe fianaise ar cheapachán a thabhairt ar aird má iarrann an duine air déanamh amhlaidh.

## 4.2 Ionad an Bhirt

### 4.2.1 Áit Feistithe Ainmnithe

Ní dhéanfar Soitheach a fheistiú laistigh den Chuan seachas in áit arna hainmniú faoi na Fodhlíthe seo ag an Máistir Cuain / ag Duine Údaraithe. Déanfar gach Soitheach atá ar ancaire laistigh den Chuan a Fheistiú go héifeachtach ionas go seachnófar contúirt don Soitheach agus bac ar Shoithí eile. Déanfar faire ancaire chuí a choinneáil a oireann do na dálaí agus do mhéid an tSoithigh.

### 4.2.2 Soitheach i mbeart agus a thaobh leis an gCé

Déanfar gach Soitheach a bheidh ina luí ag Cé sa Chuan a chur i mBeart ar shlí ina mbeidh a thaobh leis an gCé, ach amháin i gcás ina gceadaíonn an Máistir Cuain / Duine Údaraithe a mhalairt.

### 4.2.3 Ina luí le taobh na Cé

Ach amháin le cead ón Máistir Cuain / ó Dhuine Údaraithe, ní bheidh Soithí ina luí le taobh na Cé i gCuan ach amháin le linn Earraí nó Paisinéirí a lódáil nó a dhíluchtú, nó le linn breosla, uisce, oighear nó soláthairtí riachtanacha eile a thabhairt isteach, nó os coinne beart nó bearta atá ainmnithe ag an Máistir Cuain / Duine Údaraithe agus déanfar na hoibríochtaí sin go léir chomh tapa agus is féidir.

### 4.2.4 Tosaíocht a thabhairt maidir le Beart

Féadfaidh an Máistir Cuain / Duine Údaraithe, aon tráth áirithe de réir mar is cuí leis, tosaíocht a thabhairt, maidir le beart, do Shoitheach amháin thar Shoitheach eile.

### 4.2.5 Dul i mbeart gar do shaoráidí lódála

Ní ceadmhach do Mháistir nó d’Úinéir Soithigh dul i mbeart ag craein nó gar do chraein, ná ag saoráidí lódála eile, ar an bPiara, nó gar do chraein nó

saoráidí lódála eile ar an bPiara, mura rud é go bhfuil Earraí á lódáil nó á ndílódáil.

4.2.6 Stóráil shealadach Soithí amach as an uisce

Ní fhéadfar Soitheach a ardú amach as na huiscí agus a stóráil go sealadach ach amháin i suíomh atá le comhaontú roimh ré agus ar feadh tréimhse atá le comhaontú leis an Máistir Cuain / Duine Aontaithe

4.2.7 Bearta a chuirtear in áirithe

Beidh cumhacht ag an Máistir Cuain / ag Duine Údaraithe bearta áirithinte a chur ar leataobh i gcás ina meastar, dá rogha féin, go bhfuil gá leis sin. Beidh úsáid aon bheart den sórt sin faoi réir toiliú a fháil ón Máistir Cuain / ó Dhuine Údaraithe.

### *4.3 Iompar Cuí le linn a bheith ar feistiú*

4.3.1 Craein nó trealamh den tsamhail chéanna a úsáid

Ní dhéanfaidh aon duine, ach amháin le toiliú an Mháistir Cuain / ón duine údaraithe i scríbhinn, craein nó trealamh den tsamhail chéanna a úsáid, nó sciobadóir a úsáid nó a chur i gceangal, ar aon cheann de na Céanna nó ar an gCuan.

4.3.2 Buncaeir Bhreosla a aistriú

Ní dhéanfar aon aistriú breosla nó buncaer gan ceadú a fháil roimh ré ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe agus féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe an áit agus an t-am a ainmniú a bhféadfar an t-aistriú sin a dhéanamh agus na tréimhsí ama a ainmniú ar laistigh díobh a fhéadfar an t-aistriú sin a dhéanamh. Ina theannta sin, sula ndéantar aon aistriú breosla nó buncaer den sórt sin, ní mór Comhairle Chontae na Gaillimhe a shlánú go hiomlán i leith aon éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar oibríochtaí den sórt sin.

4.3.3 Solas oiriúnach a bheith ar taispeáint

Déanfar soilse dóthanacha a chur ar taispeáint ar Shoithí a bheidh Feistithe, I mBeart nó Ar Ancaire sa Chuan de réir Rialacháin Idirnáisiúnta agus / nó na Rialachán um Imbhualadh agus aon uair a cheanglaíonn an Máistir Cuain / Duine Údaraithe déanamh amhlaidh.

4.3.4 An príomhaonad tiomána a chur i riocht dodhúisithe

Déanfaidh Máistrí nó Úinéirí Soithí a chinntiú gach tráth go bhfuil aon Soitheach den sórt sin ar fáil go réidh le haghaidh inlíochta faoina chumhacht féin. Ní dhéanfar príomhaonad tiomána aon Soithigh a chur i riocht dodhúisithe gan cead sainráite ón Máistir Cuain / ó Dhuine Údaraithe.

4.3.5 Soithí a dhaingniú den Chuan

Féadfar Soithí a cheangal sa Chuan ach ní fhéadfar déanamh amhlaidh ach amháin trína gceangal de na mullaird, de na fáinní feistithe nó de na baoithe feistithe a sholáthraítear go sonrach chun na críche sin. Beidh neart

dóthanach ag línte feistithe a úsáideann Soithí sa Chuan agus beidh deimhnithe cuí tástála ar fáil go réidh don Mháistir Cuain / Duine Údaraithe lena n-iniúchadh i leith aon líne den sórt sin.

4.3.6 Gan téada etc a scaoileadh

Ní dhéanfaidh aon duine aon Soitheach atá ceangailte go daingean nó feistithe in aon chuid den Chuan a scaoileadh gan toiliú an Mháistir Cuain / Duine Údaraithe. Nuair a bheidh aon Soitheach feistithe go dleathach sa Chuan, ní dhéanfaidh aon duine seachas an tÚinéir nó an Máistir nó duine atá údaraithe ag an Úinéir nó ag an Máistir an Soitheach a bhogadh nó a aistriú nó ionad an tSoithigh a athrú nó ní fhéachfaidh aon duine den sórt sin le déanamh amhlaidh. Faoi réir an Máistir Cuain / Duine Údaraithe do cheadú do Shoitheach dul i mbeart taobh le Soitheach eile, cinnteoidh Soitheach atá ag imeacht as taobh istigh de Shoitheach nó de Shoithí eile go ndéanfar an Soitheach/na Soithí sin a athdhaingniú go cuí tar éis imeacht.

4.3.7 Téad, slabhra nó bac den tsamhail chéanna a bhacann staighre

Ní dhéanfar téad, slabhra nó bac den tsamhail chéanna (ach amháin go sealadach i gcás éigeandála) a leagan síos nó a shíneadh ó Shoitheach sa Chuan ar shlí ina bhfuil sé ina chúis le bac ar ghnáthúsáid aon chéimeanna, staighre nó dréimirí a théann ón bPiara chuig an uisce.

4.3.8 Bealach isteach agus bealach amach trí choisbhealach nó ardán

Déanfaidh Máistir Soithigh, fad atá sé i mbeart taobh le Cé, coisbhealach nó ardán dóthanach cuí a sholáthar mar bhealach isteach agus mar bhealach amach do gach duine a bhfuil gnó dleathach acu ar an Soitheach. Cinnteoidh sé go ndéantar aon choisbhealach nó ardán den sórt sin a shuíomh agus a choimeád ar mhodh sábháilte agus é cosanta go maith, ceangailte go daingean agus soilsithe go dóthanach de réir mar is gá.

4.3.9 Feistiúcháin a leagan síos

Ní dhéanfaidh Máistir Soithí aon fheistiúcháin a leagan síos sa Chuan.

4.3.10 Suíomh ancairí a shainaithint

Tar éis dul ar ancaire sa Chuan, cuirfidh Máistir Soithigh faoi deara baoi a cheangal láithreach de na hancairí ar shlí ina bhféadfar ionad gach ancaire a shainaithint go réidh.

4.3.11 Ancairí scaoilte a mharcáil

Ní dhéanfaidh Máistir aon ancaire a fhágáil sa Chuan ar ancaire é ar ligeadh dó titim, nó a shleamhnaigh gan choinne, óna Shoitheach gan baoi a bheith ann chun a ionad a mharcáil agus déanfar ancaire den sórt sin a thabhairt chun bealaigh gan mhoill.

4.3.12 Rafta, ancaire, baoi etc a thabhairt chun bealaigh

Tar éis don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe a cheangal ar Úinéir aon rafta, ancaire, baoi nó rud snámhach eile atá san uisce sa Chuan déanamh amhlaidh. Cinnteoidh an tÚinéir sin go ndéantar an rafta sin, an t-ancaire sin,

an baoi sin nó an rud snámhach eile sin a thabhairt chun bealaigh chuig suíomh oiriúnach nó, aon uair a ordóidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe, ach sin faoi réir théarmaí an Achta um Dhumpáil ar Farraige.

4.3.13 Cur faoi deara Soitheach d'imchasadh nó do scaoileadh

Ní dhéanfaidh aon duine, laistigh den Chuan:

a. A chur faoi deara Soitheach d′imchasadh ach amháin ag cibé tráthanna agus i cibé imthosca a ordóidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe;
b. A chur faoi deara go dtosóidh Soitheach ag imchasadh le linn aon Soitheach eile a bheith sách gar chun dul i bhfostú ag gluaiseacht sa Chuan; nó
c. A chur faoi deara Soitheach do scaoileadh nó do bhogadh sa Chuan ar shlí ina bhfuil sé ina chúis le damáiste nó ina dtarlaíonn imbhualadh le haon Soitheach atá ag imchasadh.

4.3.14 Saor-rochtain thar dheiceanna

Déanfaidh Máistrí, Úinéirí agus criúnna Soithí a áitíonn beart ag Cé sa Chuan, má cheanglaíonn an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe amhlaidh, saor-rochtain a thabhairt thar dheiceanna a gcuid Soithí do dhaoine agus d'Earraí chuig Soithí eile, agus ó Shoithí eile, atá i mBeart taobh leo ar choinníoll i gcónaí go measfar maidir leis na daoine a lorgaíonn an tsaoráid sin go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe agus Úinéir/Máistir an tSoithigh ar thairis a soláthraíodh saor-rochtain slánaithe acu ar gach éileamh (más ann), agus i gcoinne gach éilimh (más ann), is cuma conas a éiríonn sé as an rochtain sin.

4.3.15 Ní mór seolta a chrapadh

Nuair atá Soitheach feistithe sa Chuan ní fhágfar a chuid seolta scaoilte aon tráth, go háirithe le linn doininne.

4.3.16 Haistí agus oscailtí

Mura rud é go gceadaíonn an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe a mhalairt, déanfar na haistí agus na hoscailtí eile ar dheic Soithigh atá ina luí ag Cé sa Chuan a choimeád dúnta ach amháin fad atá lódáil nó dílódáil ar siúl.

4.3.17 Haistí nó oscailtí fálaithe - sábháilteacht

I gcás ina ndéantar haistí nó oscailtí eile Soithigh nach bhfuil á lódáil nó á dhílódáil sa Chuan a fhágáil gan chlúdach le cead ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe, déanfar iad a fhálú go hairde 91 cm (3 tr) má tá na cómainní níos lú ná 76 cm (2,6 tr) ar airde. I gcás ina bhfuil haistí nó oscailtí neamhchlúdaithe, cinnteoidh an Máistir go ndéanfar fógra rabhaidh substaintiúil inléite maidir leis na haistí nó na hoscailtí neamhchlúdaithe sin a bheith ann, agus na focail "fainic haistí nó oscailtí neamhchlúdaithe" air, a

chur in airde in áit fheiceálach ar bord an tsoithigh.

4.3.18 Soithí a iniúchadh

Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe, aon tráth, ina aonar nó in éineacht le Daoine Údaraithe eile, dul ar bord Soitheach ar bith laistigh den Chuan agus an soitheach sin nó aon chuid de a iniúchadh, nó féadfaidh sé dul ar bord amhlaidh chun aon chríoch eile, le linn a dhualgais údaraithe a fhorghníomhú.

4.3.19 Fiondair

Cinnteoidh Máistir aon Soithigh go ndéantar líon dóthanach fiondar is leor do mhéid a Shoithigh a sholáthar dá Shoitheach. Ina theannta sin, le linn Soitheach a bheith á chur i mbeart nó ina luí ag Cé nó i gcoinne Soithí eile, cuirfidh an Máistir faoi deara go ndéanfar fiondair a chur idir an Soitheach sin agus an Ché sin, nó idir na Soithí sin, ionas go gcoiscfear damáiste don Ché sin, do na Soithí eile sin nó d'aon mhaoin eile. Ní úsáidfidh Máistir Soithigh aon fhiondar a mheasann an Máistir Cuain a bheith neamhoiriúnach chun na críche sin nó ní cheadóidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe fiondar den sórt sin a úsáid.

### *4.4 Bacainní ar an gCuan*

4.4.1 Bacainn nó núis a thabhairt chun bealaigh

Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe, maidir le haon earra nó rud a measann sé ina leith gur bacainn nó núis é sa Chuan, a cheangal ar an Úinéir, trí fhógra i scríbhinn, é a thabhairt chun bealaigh ón gCuan laistigh de thréimhse shonraithe. I gcás ina mainníonn an tÚinéir Fógra den sórt sin a chomhlíonadh, contrártha don Fhodhlí seo, féadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, ar phriacal an Úinéara, socrú a dhéanamh chun an t-earra sin a thabhairt chun bealaigh agus / nó chun an t-earra sin a dhiúscairt de réir mar a mheastar is cuí. Roimh ghníomh den sórt sin a dhéanamh, déanfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe fógra a thabhairt i scríbhinn don Úinéir á rá go bhfuil ar intinn an chumhacht sin a fheidhmiú laistigh den tréimhse a shonraítear san fhógra. Más rud é go ndéanann Comhairle Chontae na Gaillimhe a cumhacht a fheidhmiú ansin maidir le tabhairt chun bealaigh agus / nó maidir le diúscairt, ní bheidh sí faoi dhliteanas don Úinéir maidir le haon chaillteanas nó damáiste a fhulaingíonn an tÚinéir is cuma cén tslí ina n-éiríonn sé as an tabhairt chun bealaigh agus / nó as an diúscairt. I gcás díola, déanfar na fáltais ón díol sin a úsáid chun íoc as an gcostas a ghabhann le tabhairt chun bealaigh agus le diúscairt agus déanfar aon iarmhéid a bheidh fágtha a íoc leis an Úinéir. Más rud é nach leor na fáltais ón díol chun íoc as an gcostas a ghabhann le tabhairt chun bealaigh agus diúscairt, féadfar an t-iarmhéid a bheidh gan íoc a ghnóthú ón Úinéir mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

4.4.2 Bacainn nó Núis a dhíothú

Más rud é nach bhfuil an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe in ann aon earra nó rud a mheasann sé a bheith ina bhacainn nó ina núis sa Chuan, de

réir mar atá leagtha amach in 4.4.1 thuas, a dhíol, féadfaidh sé socrú a dhéanamh maidir lena thabhairt chun bealaigh agus maidir lena dhíothú. In imthosca den sórt sin, déanfar an costas a ghabhann leis sin a mhuirearú ar an Úinéir agus beidh sé inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

### *4.5 Obair ar Shoithí*

4.5.1 Toitriú

Gan dochar do na cumhachtaí atá ag an bPíomhdhochtúir Oifigiúil de chuid Údarás Sláinte, ag gníomhú dó faoi fhorálacha na Rialachán um Ghalair Aicídeacha, 1981, (arna leasú), agus na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha (Loingeas), 1948, ní cheadóidh Máistir a Shoitheach a thoitriú sa Chuan chun aon chríoch gan cead a fháil i scríbhinn ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe. Ina theannta sin, déanfar aon oibríochtaí den sórt sin arna gceadú amhlaidh a sheoladh ar phriacal an Mháistir.

4.5.2 Deisiú

Ní cheadóidh Máistir Soithigh atá i mBeart ag Cé nó atá ceangailte d'aon fheiste feistiúcháin inneall a Shoithigh a oibriú ar shlí inar cúis díobhála nó damáiste é d'aon Soitheach eile, d'aon duine nó d'aon mhaoin sa Chuan, lena n-áirítear ar ghrinneall an Chuain, ar an bhfánán nó ar aon cheann de bhallaí na gCéanna, ach gan bheith teoranta don méid sin.

### *4.6 Tionóiscí*

4.6.1 An Máistir a thabharfaidh fógra faoi thionóiscí

Déanfaidh Máistir aon Soithigh atá curtha go tóin poill nó atá tagtha chun bheith ina shuí tirim sa Chuan, a luaithe is féidir is indéanta le réasún (ach tráth nach faide ná 24 huaire tar éis an teagmhais sin do tharlú) fógra a thabhairt don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe faoin teagmhas sin agus cuirfidh sé treoracha scríofa an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe i bhfeidhm láithreach maidir leis na soilse agus na baoithe is ceart a bheith ann maidir leis an Soitheach.
Beidh freagracht ar Mháistir an tSoithigh i ndáil le sábháilteacht an tSoithigh atá i dtrácht; agus beidh ceart ag an Máistir Cuain gach tráth chun Soitheach den sórt sin a iniúchadh.
Déanfaidh an Máistir aon Soitheach atá curtha go tóin poill amhlaidh nó atá ina shuí tirim amhlaidh a thabhairt chun bealaigh a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de cheithre lá dhéag ón lá a cuireadh an Soitheach go tóin poill nó a tháinig sé chun bheith i suí tirim nó laistigh de cibé tréimhse is faide nó is giorra ná sin a cheadóidh nó a cheanglóidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe le fógra i scríbhinn. Má mhainníonn an Máistir déanamh de réir treoracha den sórt sin gan mhoill, féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe socrú a dhéanamh chun an Soitheach a shoilsiú, chun baoi a chur i gceangal leis agus/nó chun é a thabhairt chun bealaigh. Féadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe gach costas a thabhaítear a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí ón Máistir/Úinéir. Ní dhéanfaidh aon ghníomh den

sórt sin ag an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe difear d'iarmhairtí aon sárú arna dhéanamh ag an Máistir ar an bhFodhlí seo.

## 5 Oibríochtaí maidir le Lódáil/Dílódáil Soithí

### 5.1 Ní chuirfear bac ar Shoithí eile

Maidir le Máistir atá ag gabháil d'oibríochtaí lódála/dílódála ag an bPiara, déanfaidh sé amhlaidh ar shlí shábháilte chuí ionas nach gcuirtear bac ar Shoithí eile atá á lódáil, á ndíluchtú, á bhfeistiú, á gcur i mbeart nó á loingsiú.

### 5.2 Scor d'oibríochtaí tar éis Treoracha a fháil ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe

Scoirfidh Máistir Soithigh atá ag gabháil do lódáil / dhílódáil Earraí d'oibríochtaí den sórt sin má ordaíonn an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe amhlaidh.

### 5.3 Tréimhse shonraithe lódála/dílódála

Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe treoir a thabhairt do Mháistir Soithigh sa Chuan Earraí a lódáil/dhílódáil laistigh de thréimhse shonraithe aon uair atá sé den tuairim go bhféadfadh moill mhíréasúnach a bheith ann thairis sin. Má dhiúltaíonn nó má mhainníonn Máistir an tSoithigh treoir den sórt sin a chomhlíonadh, féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe sin socrú a dhéanamh cibé tascanna a chur i gcrích ar phriacal an Úinéara, agus gach ní a dhéanamh, de réir mar is gá agus teagmhasach chun na críche sin. In imthosca den sórt sin, iompróidh Máistir an tSoithigh na caiteachais arna dtabhú amhlaidh.

### 5.4 Solas dóthanach

Déanfaidh Máistir Soithigh atá ag lódáil/dílódáil Earraí sa Chuan a chinntiú go bhfuil solas maith dóthanach ann gach tráth thar gach bolg de chuid an tSoithigh le gur féidir oibríochtaí den sórt sin a sheoladh ar mhodh sábháilte.

### 5.5 Sábháilteacht

Déanfar láimhseáil, cruachadh, stóráil nó bogadh Earraí ag aon duine sa Chuan a chur i gcrích ar mhodh sábháilte agus déanfar na nithe sin faoi réir threoracha an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe. Maidir le hEarraí a bheartaítear a loingsiú (tríd an gCuan), ní chuirfear ar an bPiara iad gan cead a fháil roimh ré ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe.

### 5.6 Cainníocht iomarcach ábhair chontúirtigh

Maidir le Máistir Soithigh a bhfuil cainníocht Earraí de chineál pléascach nó inlasta nó de chineál contúirteach eile ar bord aige, ar cainníocht í de bhreis ar ghnáth-threalamh nó ar ghnáthriachtanais an tSoithigh maidir le hearraí contúirteacha, tabharfaidh sé fógra 24 huaire an chloig ina leith sin don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe. Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe a ordú go ndéanfar aon Soitheach den sórt sin a fheistiú i suíomh leithlisithe sa Chuan nó, má mheastar gur cuí déanamh amhlaidh, go

ndéanfar na hEarraí sin a thabhairt chun bealaigh láithreach ar cibé modh sábháilte is gá.

### *5.7 Cipíní, lastóirí etc. a úsáid*

Toirmisctear cipíní, lastóirí meicniúla nó soilse nochta d'aon chineál a úsáid, agus / nó tobac nó aon luibh eile a chaitheamh, laistigh de 30 méadar ó Earraí inlasta agus/nó i Soithí, nó laistigh de 30 méadar ó Shoithí, a bhfuil Earraí inlasta á lódáil/ndílódáil acu sa Chuan.

### *5.8 Trealamh comhraicthe dóiteáin*

Déanfar trealamh comhraicthe dóiteáin ar Shoithí a bhfuil Earraí inlasta á lódáil/ndílódáil acu sa Chuan a choimeád i riocht ina bhfuil sé réidh lena úsáid le linn oibríochtaí den sórt sin.

### *5.9 Coimeádáin a fhágtar ar an bPiara nó ar an bhFánán*

Mura bhfuil cead faighte ón Máistir Cuain / ón Duine Inniúil, ní cheadófar earraí ná coimeádáin, lena n-áirítear boscaí Éisc agus bairillí Éisc, a bheith ar an bPiara nó ar an bhFánán ar feadh tréimhse is faide ná sé huaire an chloig in aon tréimhse 24 huaire an chloig nó ar feadh aon tréimhse is giorra den sórt sin a ordóidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe aon earraí nó coimeádáin a fhágtar ar an bPiara nó ar an bhFánán ar feadh tréimhsí ama atá contrártha d'aon treoir den sórt sin a thabhairt chun bealaigh agus a stóráil in áit eile, agus ní bheidh dliteanas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe i leith aon damáiste nó aon chailteanais is cuma cad is cúis leis an damáiste nó leis na caillteanais sin. Beidh Úinéir Earraí nó coimeádáin den sórt sin faoi dhliteanas i leith na gcostas go léir a bhaineann le tabhairt chun bealaigh agus / nó le stóráil na nithe sin agus beidh na costais sin inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí i gcoinne an úinéara.

### *5.10 Dliteanas i leith Earraí a chailltear nó a ndéantar damáiste dóibh*

Ní bheidh Comhairle Chontae na Gaillimhe nó an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe faoi dhliteanas i leith aon Earraí, Coimeádáin nó beostoc a chailltear nó a ndéantar damáiste dóibh, fad atá siad sa Chuan. Má tá beostoc le haistriú laistigh den Chuan, ní dhéanfar an t-aistriú ach amháin i bhFeithiclí oiriúnacha agus faoi réir treoir ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe.

### *5.11 Beostoc*

Maidir le beostoc a bheartaítear a loingsiú, ní cheadófar é a bheith ar aon Ché sa Chuan gan cead a fháil roimh ré ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe. Maidir leis an mbeostoc go léir a bheartaítear a loingsiú, ní mór é a aistriú laistigh den Chuan de réir an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe. Ina theannta sin, déanfar beostoc a bheartaítear a loingsiú a chur i locanna nó i gcoimeádáin choinneála eallaigh atá ceaptha chun na críche sin go dtí go bhfuil sé réidh lena loingsiú. Mura bhfuil ceadú faighte ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe, ní cheadófar beostoc den sórt sin a bheith ar an gCé, nó i

limistéar tadhlach cruadhromchla.

# 6 Oibríochtaí maidir le Tógáil ar Bord / Cur i dTír

## 6.1 Soithí Paisinéirí

### 6.1.1 Deimhniú Sábháilteachta nó Ceadúnais Báid Paisinéirí

Ní iompróidh aon Soitheach Paisinéirí chun críocha tráchtála laistigh de dhlínse Chuan Inis Oírr mura rud é go sealbhaíonn sé Deimhniú Sábháilteachta Loinge Paisinéirí bailí nó Ceadúnas Báid Paisinéirí bailí arna eisiúint faoin Acht Loingis Cheannaíochta, 1992, arna leasú, agus, ina theannta sin, go sealbhaíonn sé "Cead" i gcás ina bhfuil gá leis sin.

### 6.1.2 Cead

Ní iompróidh an Soitheach Paisinéirí chun críocha tráchtála laistigh de dhlínse Chuan Inis Oírr mura rud é go sealbhaíonn sé Cead arna eisiúint ag an Aonad Bóithre & Iompair, Comhairle Chontae na Gaillimhe (ar cead é atá i gceangal leis seo mar 'Ceathrú Sceideal"), Ní mór Comhaontú Oibriúcháin iomlán (agus é i gceangal leis seo mar 'Tríú Sceideal') a thíolacadh in éineacht le hiarratas ar Chead.

### 6.1.3 Comhaontú Oibriúcháin

Comhlíonfaidh gach Oibritheoir Báid Paisinéara/Soithigh Paisinéirí go docht téarmaí an Chomhaontaithe Oibriúcháin atá ann sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo. Thairis sin, ní mór do gach oibritheoir aon treoracha maidir leis an ábhar seo ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe a chomhlíonadh freisin. Tá sé de chumhacht ag an Údarás Áitiúil Cead aon Oibritheoir Báid Paisinéirí/Soithigh Paisinéirí a chúlghairm nó a fhionraí, nó cibé gníomh a dhéanamh a mheasann sé a bheith riachtanach, mar gheall ar mhainneachtain ag an Oibritheoir forálacha an Fhodhlí seo a chomhlíonadh.

### 6.1.4 Slánaíocht do Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Tá oibleagáid ar Oibritheoirí Bád Farantóireachta nó Soithí Paisinéirí freisin Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Aire na Mara a shlánú i leith aon tionóiscí a tharlaíonn mar thoradh ar gníomhaíochtaí tráchtála a chuireann siad i gcrích ag Cé nó ag an gCuan. I dtaca leis sin de, ní mór dóibh fianaise a thabhairt ar aird do Chomhairle Chontae na Gaillimhe á rá go slánaíonn a gcuid Polasaithe Árachais Comhairle Chontae na Gaillimhe go hiomlán i leith gach éilimh ó thríú páirtithe nó óna n-ionadaithe pearsanta agus óna gcleithiúnaithe, faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961, arna leasú, nó faoi aon reacht eile nó faoin dlí coiteann, ar éilimh iad maidir le díobhálacha, caillteanas nó damáiste a bhaineann do na tríú páirtithe sin nó dá maoin.

### 6.1.5 Ráiteas maidir leis an líon Paisinéirí agus maidir le líon an Chriú

Chun críocha na bhFodhlíthe seo, déanfaidh Máistir Soitheach [nó Máistir Soitheach atá Ceadúnaithe le haghaidh Paisinéirí agus] a iompraíonn Paisinéirí, ar theacht isteach sa Chuan, ráiteas scríofa a thabhairt don

Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe maidir leis an líon Paisinéirí agus maidir le líon an Chriú atá ar bord.

6.1.6 Amanna Teacht Isteach / Imeachta

Cloífidh oibritheoirí Báid Paisinéirí / Soithigh Paininéirí a ghabhann do sheirbhísí iompair a sholáthar go hInis Oírr le sceideal amanna teacht isteach agus imeachta le haghaidh aon Bhád Paisinéirí / Soithí Paisinéirí de réir mar atá cinnte ag an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe. Ní mór gach athrú atá beartaithe maidir le sceidil a chur in iúl i scríbhinn don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe lena gceadú a fháil ina leith. Ní mór gach athrú atá beartaithe maidir le sceidil a chur in iúl i scríbhinn don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe lena gceadú a fháil ina leith agus ní mór an méid sin a chur in iúl amhlaidh 14 lá ar a laghad sula dtagann siad i bhfeidhm mura rud é go n-aontaíonn an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe le haon tréimhse is giorra ná sin. Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe rochtain ar an gcé ag soithí, feithiclí agus daoine a fhionraí le gur féidir suirbhéireacht, obair chothabhála, oibreacha éigeandála agus oibreacha eile atá riachtanach maidir le cothabháil agus deisriocht an Chuain a dhéanamh.

6.1.7 Turais neamhsceidealta

Maidir le turais neamhsceidealta, gheobhaidh Úinéirí Báid Farantóireachta ceadú roimh ré ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe agus ní choimeádfar an ceadú sin siar go neamhréasúnach.

### *6.2 Ní chuirfear bac ar Shoithí eile*

Maidir le Máistir atá ag gabháil d'oibríochtaí tabhairt ar bord/cur i dtír Paisinéirí, nó atá i mbun oibríochtaí tabhairt i dtír/cur i dtír Paisinéirí, ag an bPiara, déanfaidh sé amhlaidh ar shlí shábháilte chuí ionas nach gcuirtear bac ar Shoithí eile atá á lódáil, á ndíluchtú, á bhfeistiú, á gcur i mbeart nó á loingsiú.

### *6.3 Scor d'oibríochtaí tar éis Treoracha a fháil ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe*

Scoirfidh Máistir atá ag gabháil do thabhairt ar bord / do chur i dtír Paisinéirí d'oibríochtaí den sórt sin má ordaíonn an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe amhlaidh.

### 6.4 Tréimhse shonraithe lódála / dílódála

Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe treoir a thabhairt do Mháistir Soithigh sa Chuan Paisinéirí a thabhairt ar bord / a chur i dtír laistigh de thréimhse shonraithe aon uair atá sé den tuairim go bhféadfadh moill mhíréasúnach a bheith ann. Má dhiúltaíonn nó má mhainníonn Máistir an tSoithigh treoir den sórt sin a chomhlíonadh, féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe socrú a dhéanamh tascanna den sórt sin a chur i gcrích ar phriacal an Úinéara agus féadfaidh sé gach ní a dhéanamh atá riachtanach agus teagmhasach chun na críche sin. In imthosca den sórt sin, iompróidh Máistir an tSoithigh na caiteachais arna dtabhú amhlaidh.

### 6.5 Solas dóthanach

Déanfaidh Máistir Soithigh atá ag tabhairt Paisinéirí ar bord / ag cur Paisinéirí i dtír sa Chuan a chinntiú go bhfuil solas maith dóthanach ann gach tráth thar gach bolg de chuid an tSoithigh le gur féidir oibríochtaí den sórt sin a sheoladh ar mhodh sábháilte.

### 6.6 Sábháilteacht

Tá oibleagáid ar oibritheoirí Bád Farantóireachta nó Soithí Ceadúnaithe Paisinéirí a chinntiú, maidir le daoine atá ag dul ar bord Soithí/ag dul i dtír ó Shoithí, go ndéanann siad amhlaidh ar mhodh ordúil sábháilte. I dtaca leis sin de, tá oibleagáid ar gach Oibritheoir Báid Farantóireachta téarmaí an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, agus an reachtaíocht uile eile a bhaineann go háirithe le bainistiú agus le rialú paisinéirí, a chomhlíonadh. Féadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe taifid ar nithe den sórt sin a iniúchadh go tréimhsiúil. Forchoimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart chun Cead aon Oibritheoir Bád Farantóireachta nó Soithí Paisinéirí a chúlghairm, ar oibritheoirí iad a mhainníonn na Ceanglais maidir le Sábháilteacht a chomhlíonadh.

## 7 Feithiclí sa Chuan

### 7.1 Gluaiseacht Feithiclí

#### 7.1.1 Treoracha ón Máistir Cuain / ó Dhaoine Údaraithe

De bhua na bhfodhlíthe seo, tá an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe údaraithe chun a ordú trácht bóthair a thabhairt chun bealaigh ón gCuan agus ní mór aon ordú den sórt sin a urramú.

#### 7.1.2 Feithiclí ar an bPiara

Ní rachaidh feithiclí ná innealra gléasraí isteach sa phiara ach amháin le haghaidh na gcríoch seo a leanas nó mura rud é go bhfuil ceadú faighte ina leith sin i scríbhinn ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe:
Bailiú nó fágáil réamheagraithe lasta, ach sin faoi réir ceadú an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe a bheith faighte ina leith;
Gléasra / Innealra a bhfuil gá leis chun lasta a lódáil agus a dhílódáil;
Paisinéirí a bhailiú nó a fhágáil, mar gheall ar riachtanais soghluaisteachta

na bpaisinéirí sin, ag Bád Farantóireachta Paisinéirí agus sin faoi réir ceadú an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe a bheith faighte ina leith;
Feithiclí éigeandála;
Trácht tógala atá bainteach le hobair chothabhála agus tógála ar an bpiara thar ceann an Údaráis.
Déanfaidh aon fheithiclí a thagann isteach sa Chuan treoracha an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe a urramú gach tráth.

7.1.3 Tionóiscí a chur in iúl

Aon duine atá ag tiomáint Feithicle nó ag oibriú Feithicle ar shlí eile, ar Feithicil í a mbaineann tionóisc di ar an gCé, agus i gcás an tionóisc sin a bheith ina cúis le díobháil d'aon duine nó ina cúis le damáiste d'aon mhaoin, stopfaidh sé an Fheithicil, cuirfidh sé an tionóisc in iúl don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe agus tabharfaidh sé a ainm agus a sheoladh don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe. Tá ceanglais an Fhodhlí seo gan dochar d'aon oibleagáidí maidir le tuairisciú atá ann faoi reachtaíocht eile.

7.1.4 Ualaí a Dhaingniú

Cinnteoidh Úinéir / Oibritheoir Feithicle atá sa Chuan go bhfuil aon ualach a iompraítear air nó inti daingnithe go cuí agus go gcomhlíonann sé gach srian reachtúil a bhaineann le meáchan Earraí atá le hiompar amhlaidh agus ar srianta iad is infheidhme maidir leis an iompar sin. Maidir leis an nGléasra agus maidir leis an Trealamh Láimhseála go léir a úsáidtear le linn oibríochtaí ardaithe sa Chuan, lena n-áirítear ar Ché, ní mór deimhniú bailiú a bheith ann i leith na críche atá beartaithe dó.

7.1.5 Sileadh agus doirteadh

Ní ligfidh Úinéir / Oibritheoir Feithicle sa Chuain aon substaint sileadh, doirteadh nó titim ón bhFeithicil.

7.1.6 Luasteorainn

Beidh feidhm ag luasteorainn uasta 15 km/ur maidir le gach Feithicil laistigh den Chuan.

7.1.7 Bruachaire

Maidir le gach Feithicil atá ag cúlú i limistéar a úsáideann coisithe, ní mór bruachaire nó fairtheoir a bheith ann in éineacht léi, lasmuigh den Fheithicil, lena chinntiú nach bhfuil aon daoine nó aon mhaoin i mbaol díobhála nó damáiste le linn an inlíocht chúlúcháin a bheith ar siúil.

## *7.2 Riocht Feithiclí*

7.2.1 Ní mór feithiclí a bheith oiriúnach dá n-úsáid

Beidh feithiclí atá á n-úsáid chun Paisinéirí, Earraí nó coimeádáin a ghluaiseacht oiriúnach dá n-úsáid agus déanfar iad a láimhseáil, gach tráth, ar mhodh cuí ionas go seachnaítear damáiste don Phiara nó don Ché, ná do dhéanmhais nó do Ghléasra, agus díobháil d'aon choisithe nó d'aon tiománaithe / oibritheoirí Feithiclí eile. Maidir le feithiclí atá ann laistigh den Chuan, ní cheadaítear d'aon tiománaithe, seachas tiománaithe atá cáilithe

agus árachaithe, iad a thiomáint. Measfar, maidir le haon tiománaithe den sórt sin, nó maidir le hÚinéirí na bhFeithiclí sin, go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe slánaithe acu ar gach éileamh (más ann), agus i gcoinne gach éileamh den sórt sin, is cuma conas a éiríonn sé as an úsáid sin.

7.2.2 Riocht maith

Ní dhéanfar feithiclí ná coimeádáin a úsáid laistigh den Chuan mura rud é go ndéanann a nÚinéirí / nOibritheoirí iad a chothabháil gach tráth i riocht maith agus i riocht glan sláinteach.

7.2.3 Neamhoiriúnacht a chinneadh

Tá cumhacht ag an Máistir Cuain / ag an Duine Údaraithe, ar cinneadh críochnaitheach é a chinneadh, cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil aon Fheithicil áirithe neamhoiriúnach chun críoch na bhFodhlíthe seo.

7.2.4 Glanadh agus deisiú

Ní dhéanfar Earraí, Gléasra, Soithí, nó coimeádáin a ghlanadh agus a dheisiú ach amháin in áiteanna atá údaraithe go díreach ag an Máistir Cuain / ag an Duine Údaraithe.

# *8 Ginearálta*

## *8.1 Earraí sa Chuan*

8.1.1 Earraí, Feithiclí agus / Gléasra a fhágtar ar an bPiara

Ní cheadóidh Úinéirí Earraí, Feithiclí agus / nó Gléasra d’aon chineál nithe den sórt sin leanúint de bheith ar an bPiara ar feadh níos mó ná 24 huaire an chloig nó ar feadh cibé tréimhse is giorra ná sin a ordóidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe. Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe Earraí, Feithiclí agus / nó Gléasra a fhágtar sa Chuan ar feadh tréimhse is faide ná mar atá sonraithe san Fhodhlí seo a thabhairt chun bealaigh agus a stóráil in áit eile. Beidh Úinéirí Earraí, Feithiclí agus / nó Gléasra den sórt sin faoi dhliteanas an chostais a bhaineann lena dtabhairt chun bealaigh agus lena stóráil agus féadfar an costas sin a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí. Aon Earraí, Feithiclí agus / nó Gléasra d’aon chineál a fhágtar ar an gCé, fágtar amhlaidh iad go hiomlán ar phriacal an Úinéara agus déanfaidh aon Úinéir den sórt sin Comhairle Chontae na Gaillimhe a shlánú ar aon éileamh a éiríonn ó aon duine den phobal agus i gcoinne aon éileamh den sórt sin. D’fhéadfadh sé go gceanglóidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe ar Úinéirí trealamh den sórt sin, ó am go ham, ainm-chlibeanna a sholáthar ar a luaitear a n-úinéireacht i leith na nEarraí, na bhFeithiclí agus / nó an Ghléasra sin ionas gur féidir teagmháil a dhéanamh leis an Úinéir agus deis a thabhairt dó na hEarraí, na Feithiclí agus / nó an Gléasra sin a thabhairt chun bealaigh. I gcás ina dtugtar cúis mhaith le stóráil Earraí, Feithiclí agus / nó Gléasra a stóráil ar feadh tréimhsí is faide ní mór ceadú roimh ré a lorg ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe chun stóráil neamhúdaraithe ar an gCuan a sheachaint.

8.1.2 Dliteanas i leith caillteanais nó damáiste

Ní bheidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ná an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas nó damáiste d'Earraí, Coimeádáin, Feithiclí, Báid, Líonta Iascaireachta, Téada Tarraingthe, Giara, Gléasra nó ítimí eile a thugtar chun bealaigh agus a stóráiltear de réir na bhFodhlíthe seo.

8.1.3 Cur isteach ar Earraí

Ní chuirfidh aon duine isteach, ar aon slí, ar Earraí, ar Choimeádáin, ar Fheithiclí, ar Shoilse, ar Innealra, ar Threalamh, ar Ghléasra nó ar aon ítimí eile atá ann sa Chuan.

8.1.4 An Fánán

Déanfar an Fánán a choimeád glan gach tráth, seachas nuair atá Soithí á lainseáil nó á n-aisghabháil nó seachas le cead sainráite ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe.

### *8.2 Torann nó Gníomhaíochtaí Míchuí*

8.2.1 Bonnán, feadóg ghaile, bonnán ceo etc

Ní dhéanfaidh aon duine, nó ní chuirfidh aon duine faoi deara go feasach go ndéanfar, nó ní cheadóidh aon duine go feasach, bonnán, feadóg ghaile, bonnán ceo, aláram nó uirlis, fearas nó córas eile lena ndéantar comharthaí aláraim, a shéideadh nó a úsáid sa Chuan aon tráth nó chun aon chríoch seachas i dtaca le loingseoireacht nó gátar.

8.2.2 Dumpáil

Ní dhéanfar aon dramhaíl d'aon chineál nó aon Substaintí Díobhálacha a leagan, a dhumpáil nó a sceitheadh laistigh den Chuan.

8.2.3 Ticéid, Dearbháin etc

Tá toirmeasc ar dhíol ticéad le haghaidh aistriú traschuain Paisinéirí, Earraí, Gléasra nó Feithiclí, nó tá toirmeasc air sin thairis sin ar an bpiara agus ní cheadaítear é ach amháin ó shuíomhanna ainmnithe atá údaraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

8.2.4 Cluichí nó gníomhaíochtaí míchuí

Ní imreoidh aon duine aon chluiche nó ní sheolfaidh aon duine aon ghníomhaíocht ar cluiche é, nó ar gníomhaíocht í, atá míchuí i ndáil leis an gCuan. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe i dtaobh céard é cluiche míchuí nó céard í gníomhaíocht mhíchuí.

8.2.5 Núis a dhéanamh

Aon duine a dhéanann núis nó a chuireann isteach ar úsáid shíochánta nó ordúil an Chuain, féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe a iarraidh air imeacht ón gCuan. Má mhainníonn an duine sin iarraidh den sórt sin a chomhlíonadh, meastar cion a bheith déanta ag an duine sin faoi na Fodhlíthe seo.

8.2.6 Na Fodhlíthe a Shárú

I gcás an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe a bheith den tuairim gur sháraigh duine aon cheann de na Fodhlíthe seo, tá sé i dteideal ainm agus seoladh an duine sin a iarraidh. Má mhainníonn an duine sin na mionsonraí a iarrtar a sholáthar don Máistir Cuain / don Duine Údaraithe, meastar gurb ionann an mhainneachtain sin agus cion faoi na Fodhlíthe seo.

8.2.7 Trádáil

Ní dhéanfar trádáil ná mangaireacht d'aon chineál laistigh den Chuan.

8.2.8 Tumadóireacht

Ní dhéanfar aon oibríocht tumadóireachta laistigh den Chuan ach amháin le toiliú i scríbhinn ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe.

8.2.9 Snámh

Ní dhéanfar aon snámh laistigh de dhlínse Chuan Inis Oírr ach amháin le toiliú i scríbhinn ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe.

8.2.10 Tumadh nó léimneach, nó gluaiseacht, ó Shoitheach gluaisteach

Ní thumfaidh nó ní léimfidh aon duine ó Shoitheach gluaisteach isteach sna huiscí laistigh den Chuan.

8.2.11 Cosc ar bhádóireacht, ar chéaslóireacht, ar chadhcáil etc

Ní dhéanfar aon bhádóireacht, céaslóireacht, cadhcáil, canúáil, surfáil, tonnsciála ná clársheoladh laistigh den Chuan ach amháin ceadú roimh ré a fháil ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe.

8.2.12 Mótarbhád Gasta, Scairdsciáil, uisce-sciáil etc

Ar mhaithe le sábháilteacht daoine atá ann sa Chuan, ní ghabhfaifh aon duine do ghníomhaíochtaí Mótarbháid Ghasta, do Scairdsciáil, d'Uisce-Sciáil, do Sciáil Eitleoige nó do tharraingt paraisiúit laistigh den Chuan gan toiliú roimh ré a fháil ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe. Ní mór an luasteorainn uasta 5 mhuirmhíle san uair a urramú gach tráth i nDlínse an Chuain. Beidh aon ghníomhaíocht den sórt sin faoi réir na Rialachán um Imbhualadh agus an Achta um Shábháilteacht Mhuirí agus is ceart iad a dhéanamh ar mhodh sábháilte chun sástacht an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe agus ní ceart iad a dhéanamh ach amháin i limistéar agus ag tráthanna arna n-ainmniú ag an Máistir Cuain / ag an Duine Údaraithe. Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe a threorú go scoirfear de ghníomhaíochtaí den sórt sin má mheasann sé nach bhfuil siad sábháilte nó gur cúis núise nó contúirte iad d'aon daoine nó d'aon Ghléasra atá ann laistigh den Chuan.

8.2.13 Locadh thar oíche

Ní dhéanfar aon charbhán, teach soghluaiste, veain champála nó feithicil eile den tsamhail chéanna a úsáidtear, nó atá inúsáidte, mar áit chónaithe, a locadh, nó a fhágáil, thar oíche ar an bPiara mura rud é go bhfaightear údarú ina leith sin i scríbhinn ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe.

8.2.14 Ceart chun iontráil a dhiúltú

Forchoimeádann an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe an ceart chun iontráil a dhiúltú d'aon Soitheach nó d'aon Soithí a sháraíonn forálacha na bhFodhlíthe seo.

8.2.15 Ceadú i scríbhinn maidir le gníomhaíochtaí

Ní tharlóidh, nó ní sheolfar, aon ghníomhaíocht ar an gCé seachas gníomhaíocht a ndeonaítear cead ina leith mura rud é go dtugann an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe ceadú roimh ré i scríbhinn ina leith.

8.2.16 Oibríochtaí a bhaineann le táthú / gearradh / meilt etc

Maidir le haon oibríochtaí a bhaineann le táthú/gearradh/meilt, nó maidir le haon teas-obair eile lena ngabhann úsáid a bhaint as aon substaint inlasta, as lasair nocht nó as modh ar dóigh dó a bheith ina chúis le splancacha, ní tharlóidh siad sa Chuan gan ceadú roimh ré a fháil ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe.

8.2.17 Treoracha ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe

D'ainneoin aon ní atá ann sna Fodhlíthe seo, comhlíonfaidh aon duine atá sa Chuan aon treoracha a fhaigheann sé/sí ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe atá ceaptha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe d'fhonn forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair nó rialacháin nó aon ráitis sábháilteachta arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.

8.2.18 Soilse, comharthaí etc. a chur in airde, a bhac

Ní dhéanfaidh aon duine aon solas, comhartha, fógra nó áiseanna loingseoireachta eile a chur in airde, a leasú, a bhac nó a thabhairt chun bealaigh gan ceadú roimh ré a fháil ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe ach amháin i gcás inar gá déanamh amhlaidh mar a thugtar mionsonraí ina leith sna Fodhlíthe seo nó i gcás éigeandála.

8.2.19 Roicéid, tinte ealaíne, substaintí pléascacha eile

Ach amháin i gcás éigeandála, ní dhéanfaidh aon duine seachas an Garda Cósta, gan cead i scríbhinn ón Máistir Cuain / ón Duine Údaraithe, roicéid, tinte ealaíne nó substaint phléascach eile a scaoileadh laistigh den Chuan.

8.2.20 Feiste a tháirgeann dóiteán nó deatach

Ní dhéanfaidh aon duine a chur faoi deara, ná a cheadú, go ndéanfaidh dóiteán nó feiste eile táirgthe deataigh den sórt sin deatach a tháirgeadh sa Chuan ar mhodh nó i gcainníocht de chineál a chuirfidh isteach ar loingseoireacht shábháilteacht.

8.2.21 Fógraíocht

Ní thaiscfidh aon duine, nó ní chuirfidh aon duine go dtaiscfear, aon dáileáin, bileoga nó ciorcláin fógraíochta ar aon Soitheach, Cé nó Gléasra ar an bPiara.

8.2.22 Dualgais an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe a Chosc

Féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe, nó féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, a iarraidh ar aon duine a dhealraíonn a bheith ag sárú, nó a sháraigh, foráil de na Fodhlíthe seo, imeacht ón gCuan nó staonadh ó aon ghníomhaíocht ar leith agus féadfaidh siad duine a thabhairt chun bealaigh i gcás ina mainníonn an duine sin iarraidh de sórt sin a chomhlíonadh.

Ní dhéanfaidh aon duine, d'aon ghnó, an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe a chosc nó a bhac le linn dó/di aon dualgas dá chuid/cuid a chomhlíonadh. Beidh aon duine den sórt sin ciontach i gcion.

8.2.23 Gan an Máistir a bheith ar fáil

Aon uair nach bhfuil Máistir Soithigh atá laistigh den Chuan ar fáil nó ar bord, féadfar aon fhógra, a gceanglaítear nó a n-údaraítear leis na Fodhlíthe é seo a sheirbheáil air nó a thabhairt dó, a sheirbheáil nó a thabhairt trína ghreamú de chrann nó de chuid fheiceálach éigin eile den Soitheach sin. Mar mhalairt air sin, féadfar an fógra sin a sheirbheáil nó a thabhairt trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha i gclúdach arna dhíriú chuig an Máistir ag an seoladh is déanaí is eol a bheith aige agus, sa chás sin, measfar an fógra a bheith seachadta i ngnáthchúrsa an phoist.

## *9 Muirir Chuain*

### *9.1 An Chéad Sceideal*

Forchuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe Muirir Chuain a dtugtar mionsonraí ina leith i Sceideal 1 agus déanfar amhlaidh le hOrdú Príomhfheidhmeannaigh, tar éis Deimhniú um Chríochnú Substaintiúil a bheith faighte le haghaidh an fhadaithe nua ar an bpiara,

### *9.2 Muirir*

Faoi réir chuid 9.1, forchuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe Muirir Chuain a dtugtar mionsonraí ina leith i Sceideal 1 agus déanfar amhlaidh le hOrdú Príomhfheidhmeannaigh.

### *9.3 Muirir Phaisinéirí*

Faoi réir chuid 9.1, dlífidh Úinéir nó Máistir soitheach a iompraíonn Paisinéirí chuig Dlínse an Chuain nó ó Dhlínse an Chuain muirir chuain a íoc de réir mar atá leagtha amach sa Chéad Sceideal.

### *9.4 Muirir ar Earraí*

Faoi réir chuid 9.1, dlífidh Úinéir nó Máistir soitheach a iompraíonn Lasta chuig Dlínse an Chuain nó ó Dhlínse an Chuain muirir chuain a íoc de réir mar atá leagtha amach sa Chéad Sceideal.

### *9.5 Muirir is iníoctha le Comhairle Chontae na Gaillimhe*

Faoi réir chuid 9.1, beidh gach muirear is iníoctha ar scór na bhFodhlíthe seo iníoctha le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus féadfar aon mhuirir atá dlite, nó ag dul, do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla. Forchoimeádann an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe an ceart chun Feithiclí / Soithí a choinneáil go dtí go mbailítear an fiach sin.

### *9.6 Fógra maidir le teacht chun gur féidir muirir a ríomh*

Déanfaidh Máistir nó Úinéir aon Soitheach a thagann isteach sa Chuan chun Earraí a chur i dtír fógra 24 huaire an chloig a thabhairt don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe á rá go bhfuil sé beartaithe aige Earraí a chur i dtír agus tabharfaidh sé cibé faisnéis don Mháistir Cuain / don Oifigeach Údaraithe a éileoidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe chun na hEarraí atá á gcur i dtír a shainaithint agus a chainníochtú d’fhonn na Muirir Chuain is iníoctha i leith chur i dtír na nEarraí a ríomh.

### *9.7 Díolúine ó tháillí*

Ní chuirfear táillí i bhfeidhm maidir le Máistrí/hÚinéirí Soithí atá ina bhfostaithe, gconraitheoirí nó bhfochonraitheoirí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe le linn dóibh a bheith ar fostú go díreach nó go neamhdhíreach ar oibreacha tógála laistigh den Chuan agus laistigh de thréimhse an chonartha. Féadfar táillí i leith fostaithe, conraitheoirí nó fochonraitheoirí den sórt sin a tharscaoileadh lasmuigh de thréimhse an chonartha, ach sin de rogha an Mháistir Cuain / an Duine Údaraithe. Féadfar an díolúine sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le Soithí atá faoi úinéireacht/á n-oibriú ag an Máistir Cuain, ag an nGarda Cósta, ag an RNLI, ag na Gardaí, nó ag daoine eile a bhfuil baint acu le gnó oifigiúil.

## *10 Pionóis, Fíneálacha agus Ionchúisimh*

### *10.1 Ciontú achomair*

10.1.1 Fíneálacha

Beidh duine a sháraíonn na Fodhlíthe seo ciontacht i gcion agus dlífear, ar an duine sin a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,904.61 a chur ar an duine sin.

Íocfar gach fíneáil le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

10.1.2 Sárú leanúnach

I gcás go leantar de shárú ar fhoráil de chuid na bhFodhlíthe seo tar éis duine a bheith ciontaithe, beidh an duine is cúis leis an sárú ciontach i gcion ar gach lá a leantar den sárú agus, ar é a chiontú go hachomair i ngach cion den sórt sin, dlífear fíneáil nach mó ná €125.97 a chur air.

10.1.3 Cion arna dhéanamh ag comhlacht corpraithe

De réir fho-alt (1) d’Alt 234 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, i gcás cion faoi na

Fodhlíthe seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthaítear go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó duine eile den tsamhail chéanna de chuid an chomhlachta chorpraithe nó aon duine eile a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh agus a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

10.1.4 Fíneálacha agus íocaíochtaí seasta a íoc

Déanfar gach íocaíocht i leith cionta agus gach íocaíocht seasta faoi na Fodhlíthe seo a íoc le Comhairle Chontae na Gaillimhe,

10.1.5 Ionchúiseamh ag an nGarda Síochána nó ag an Údarás Áitiúil

Féadfaidh an Garda Síochána nó an tÚdarás Áitiúil Ionchúiseamh a thionscnamh de bhun na bhFodhlíthe seo.

### *10.2 Fógraí Íocaíochta Seasta*

I gcás forais réasúnacha a bheith ag Máistir Cuain / ag Duine Údaraithe nó ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go bhfuil cion faoi na Fodhlíthe seo á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe nó an comhalta den Gharda Síochána fógra a sheirbheáil ar an duine, mar mhalairt ionchúiseamh, ar fógra é ina luaitear:

a. Dáta, áit agus cineál an tsáraithe a líomhnaítear a bheith déanta, agus
b. Go bhfuil íocaíocht sheasta €100 á forchur mar gheall ar shárú an fhodhlí agus
c. Gurb é atá sa tréimhse ar laistigh de atá an íocaíocht sheasta le déanamh ná 21 lá ó dháta a fhógra

10.2.1 Ionchúiseamh

Ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an tsáraithe líomhnaithe le linn na tréimhse a shonraítear san fhógra agus, má dhéantar an íocaíocht a shonraítear le linn na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe. Tá duine i dteideal neamhshuim a dhéanamh den fhógra agus cosaint a dhéanamh i gcoinne an ionchúisimh sa Chúirt.

10.2.2 Íocaíocht

I gcás ina dtugtar fógra faoi chuid 10.2.1

a. féadfaidh duine lena mbaineann an fógra, le linn na tréimhse a shonraítear san fhógra, an íocaíocht a shonraítear san fhógra, agus an fógra in éineacht léi, a thabhairt don údarás lena mbaineann ag an seoladh a shonraítear san fhógra,
b. féadfaidh an t-údarás a shonraítear san fhógra an íocaíocht a ghlacadh, admháil a eisiúint ina leith agus an t-airgead a íoctar a choimeád agus ní bheidh aon íocaíocht a fhaightear inghnóthaithe in aon imthosca ag

an duine a thug í

c. ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe le linn na tréimhse a shonraítear san fhógra agus, má dhéantar an íocaíocht a shonraítear le linn na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

10.2.3 Cruthúnas ar íocaíocht

In ionchúiseamh i leith cion faoi na Fodhlíthe seo, is ar an gcosantóir atá an dualgas maidir lena chruthú go ndearnadh íocaíocht de bhun fógra íocaíochta seasta faoi na Fodhlíthe seo.

## 11 Díolúintí

### 11.1 Díolúintí

Ní bhaineann na Fodhlíthe seo le Soithí atá á n-oibriú mar a leanas:

i. i gcúrsa dualgais de chuid an údaráis lena mbaineann;

ii. i gcúrsa dualgais de chuid an Gharda Síochána,

iii. i gcúrsa dualgais de chuid de chuid Óglaigh na hÉireann,

iv. i gcúrsa dualgais de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim,

v. i gcúrsa dualgais de chuid an Phríomh-Bhoird Iascaigh nó Boird Iascaigh Réigiúnaigh (de réir bhrí an Achta Iascaigh, 1980),

vi. i gcúrsa dualgais de chuid Gharda Cósta na hÉireann,

vii. i gcúrsa dualgais de chuid Choimisinéirí Soilse na hÉireann, nó

viii. i gcúrsa dualgais de chuid Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála,

nó i gcúrsa dualgais aon Soitheach atá ag gabháil d’fhorghníomhú bona fide an dlí, do mhisin éigeandála nó do mhisin tarrthála.

# 12 Na Sceidil

## 12.1 An Chéad Sceideal: Muirir Chuain

Tá gach muirear le tobhach ar Mháistir nó Úinéir Soithigh.

| Muirir Uimhir | Tuairisc ar an tSaoráid nó ar an tSeirbhís | Ráta nó Muirear |
|---|---|---|
| 1 | **Soitheach Iascaireachta**<br>Muirear bliantúil Ilchodach maidir le teacht isteach sa Chuan i gcás aon soitheach iascaireachta a úsáideann na saoráidí atá laistigh de Dhlínse an Chuain. | €3.00 in aghaidh gach tona den olltonnáiste cláraithe is iníoctha roimh ré ar an 1 Eanáir, nó roimhe, gach bliain nó ar theacht isteach i nDlínse an Chuain den chéad uair tar éis an 1 Eanáir gach bliain. |
| 2 | **Soitheach Iascaireachta**<br>Muirear singil maidir le teacht isteach sa Chuan i gcás aon soithí iascaireachta a úsáideann na saoráidí an chuain. | €0.50 in aghaidh gach tona den olltonnáiste chláraithe. |
| 3 | **Soitheach Marsantais**<br>Muirear Bliantúil iomlán maidir le Soitheach Marsantais, Soitheach Paisinéirí, Tugaí, Báirsí, etc | €3.00 in aghaidh gach tona den olltonnáiste cláraithe is iníoctha roimh ré ar an 1 Eanáir, nó roimhe, gach bliain nó ar theacht isteach i nDlínse an Chuain den chéad uair tar éis an 1 Eanáir gach bliain. |
| 4 | **Soitheach Marsantais**<br>Muirear singil maidir le Soitheach Marsantais, Soitheach Paisinéirí, Tugaí, Báirsí, etc | €0.50 in aghaidh gach tona den olltonnáiste cláraithe. |
| 5 | **Lasta**<br>Úsáid an Chuain i dtaca le Lasta a lódáil agus a dhíluchtú. | €0.00 ina aghaidh an tona. |
| 6 | **Iasc a chur i dtír**<br>Úsáid an Chuain i dtaca le hiasc a dhíluchtú. | €0.00 ina aghaidh an tona. |
| 7 | **Soitheach nach Soitheach Iascaireachta é**<br>Úsáid an Chuain ag soithí chun críoch seachas lódáil nó díluchtú Lasta.<br>i. Soithí suas go 10m ar fad<br>ii. Soithí níos mó ná 10m ar fad | <br><br>€10.00 sa lá<br>€15.00 sa lá |
| 8 | **Cead Bliantúil le haghaidh Soithí nach soithí iascaireachta iad**<br>Cead Bliantúil le haghaidh Soithí nach Soithí iascaireachta iad (ar ceadanna iad arna n-eisiúint ag an Máistir Cuain) | |

| | | |
|---|---|---|
| | i. Soithí suas go 6m ar fad.<br>ii. Soithí os cionn 6m agus suas go 12m ar fad | €15.00 sa bhliain<br>€30.00 sa bhliain |

| | | |
|---|---|---|
| 9 | **Soitheach Tarraingthe Suas**<br>Úsáid an Chuain ag Soithí Tarraingthe Suas.<br>Suas go 20m ar fad<br>i. Don chéad cheithre seachtaine<br>ii. Don dara ceithre seachtaine<br>iii. Don tríú ceithre seachtaine<br>iv. Dá éis sin<br>Níos mó ná 20m ar fad<br>i. Don chéad cheithre seachtaine<br>ii. Don dara ceithre seachtaine<br>iii. Don tríú ceithre seachtaine<br>iv. Dá éis sin | €75 sa tseachtain<br>€150 sa tseachtain<br>€300 sa tseachtain<br>€500 sa tseachtain<br><br>€100 sa tseachtain<br>€200 sa tseachtain<br>€400 sa tseachtain<br>€1,000 sa tseachtain |
| 10 | **Feithicil Neamhúdaraithe**<br>Beart, Feistiúchán, Fánán nó aon saoráidí eile a úsáid gan údarú | €500 sa lá |
| 11 | **Rátaí Uisce**<br>i. Uisce úr a úsáid chun umair a líonadh.<br>ii. Uisce a úsáid chun glanadh a dhéanamh. | €2.50 in aghaidh an tona mhéadraithe.<br>Muirear íosta €10.00 in aghaidh an lae. |
| 12 | **Rátaí Paisinéirí**<br>Úsáid an Chuain ag Soithí Paisinéirí. Beidh an muirear seo iníoctha ub aghaidh na míosa.<br><br>Is é a bheidh sa mhuirear ná €5.00 in aghaidh an Phaisinéara, sa bhliain, i leith ticéid ilturais (5 thuras fillte nó níos mó). Chun leas a bhaint as an laghdú seo ní mór d'Oibritheoir an tSoithigh fianaise shásúil a sholáthar don Mháistir Cuain, ar bhonn míosúil, maidir le díol míosúil ticéad ilturais den sórt sin.<br><br>D'éagmais líonta cruinne Paisinéirí, déanfar Deimhniú an tSoithigh um an líon ceadaithe paisinéirí a mhuirearú in aghaidh gach teacht isteach ar leith. | €0.80 in aghaidh an phaisinéara, in aghaidh an teacht isteach. |
| 13 | **Rátaí Fánáin**<br>i. Fánán a úsáid chun Soitheach iascaireachta nó árthach áineasa a iniúchadh/ghlanadh.<br>ii. Fánán a úsáid chun Soitheach paisinéirí a iniúchadh/ghlanadh i gcás Soitheach paisinéirí atá in ann níos mó ná 12 phaisinéir a iompar<br>iii. Úsáid fánáin ag Soitheach Lasta chun é a iniúchadh/ghlanadh. | €15.00 sa lá<br><br>€50.00 sa lá<br><br>€50.00 sa lá |

### *12.2 Fógra Íocaíochta Seasta*

Fógra Íocaíochta Seasta chun críocha Alt 206 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001
Ainm an Údaráis Áitiúil: Comhairle Chontae na Gaillimhe
Do: Ainm:

Seoladh: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Líomhnaítear gur sháraigh tú forálacha na bhFodhlíthe seo arna ndéanamh faoi Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, ar Fodhlíthe iad dar teideal na Fodhlíthe maidir le Rialáil Chuan Inis Oírr, Inis Oírr, Árainn, Contae na Gaillimhe.

Trí:______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

ag:______________________________
ar an ú lá de , .
Le linn na tréimhse aon lá is fiche dar tús dáta an fhógra seo, féadfaidh tú suim €100.00 a íoc tríd an bhfoirm seo a thabhairt ar aird in oifigí an Údaráis Áitiúil atá ainmnithe san fhógra seo/a chur i gceangal leis an íocaíocht a chuirfear chuig an Údarás Áitiúil sin atá suite ag Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.:

Ní dhéanfar ionchúiseamh i leith an tsáraithe líomhnaithe a thionscnamh le linn na tréimhse sin agus más rud é go ndéantar suim €100.00 a íoc le linn na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh aon tráth.

Síniú:
Máistir Cuain / Duine Údaraithe
Dáta:
TÁBHACHTACH: Glacfar le híocaíocht in oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ní mór an fógra seo a bheith in éineacht leis an íocaíocht. Is féidir íocaíocht a dhéanamh leis an bpost. Is ceart seiceanna etc. a bheith iníoctha le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Eiseofar admháil. Tá tú i dteideal neamhshuim a dhéanamh den fhógra seo agus cosaint a dhéanamh i gcoinne ionchúiseamh an tsáraithe líomhnaithe sa Chúirt

### *12.3 An Tríú Sceideal: Comhaontú Oibriúcháin le haghaidh Soitheach Paisinéirí*

**COMHAONTÚ OIBRIÚCHÁIN LE hAGHAIDH SOITHEACH PAISINÉIRÍ I gCUAN INIS OÍRR, INIS OÍRR, OILEÁIN ÁRANN, CO. NA GAILLIMHE**

Ceanglaítear ar an máistir nó ar an duine atá i gceannas ar Shoitheach Paisinéirí na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.

1. Cóip de gach ceadúnas loinge paisinéirí / deimhniú báid paisinéirí, lena n-áirítear díolúintí arna ndeonú i leith gach Soithigh faoi na hAchtanna Loingis Cheannaíochta 1894 - 1998, a thabhairt ar aird don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe de réir mar a éilítear amhlaidh.
2. Déanfaidh an Sealbhóir Ceada an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe ar an eolas i scríbhinn faoin aon athrú a dhéanann difear d'oibriú sábháilte an tSoithigh nó faoi aon athrú ar stádas an tSoithigh, mar atá luaite in 1 thuas, agus déanfaidh sé, thairis sin, an Máistir Cuain / an Duine Údaraithe a chur ar an eolas nuair atá an stádas sin athbhunaithe.
3. Déanfaidh an Sealbhóir Ceada (le facs nó le ríomhphost)an t-am imeachta, an ceann scríbe agus an líon paisinéirí ar bord gach Soithigh a sholáthar don Mháistir Chuain / don Oifigeach Údaraithe sula bhfágann Soithí Dlínse an Chuain.
4. Chomh maith le 1. thuas, ainm agus cáilíochtaí
lena n-áirítear an uimhir deimhniúcháin agus an dáta formhuinithe inniúlachta leantaí agus uasdátaithe eolais, agus aon fhormhuinithe nó díolúintí eile arna ndeonú don Mháistir agus don Innealtóir agus an líon ball cáilithe criú ar bord.
5. Tá fógra íosta 7 lá le tabhairt i leith thabhairt isteach aon Soitheach paisinéirí i mó ná 33.5mt. Fad.
6. Déanfaidh an Sealbhóir Ceada sceideal seachtainiúil a sholáthar don Mháistir Cuain / don Duine Údaraithe maidir le hamanna teacht agus imeacht lena cheadú aige. Beidh an sceideal faoi réir a athraithe trí uimhir chláraithe agus dáta formhuinithe inniúlachta leantaí agus uasdátaithe eolais, agus aon fhormhuinithe nó díolúintí eile arna ndeonú don Mháistir agus don Innealtóir agus an líon ball cáilithe criú ar bord, a chur san áireamh má mheasann sé/sí go bhfuil gá le hathrú den sórt sin ar chúiseanna sábháilteachta.
7. Cinnteoidh an Sealbhóir Ceada, gach tráth, de réir mar a éileoidh an Rialaitheoir Cuain, go bhfuil dóthain ball criú ar fáil ionas gur féidir an Soitheach a bhaint den bheart ar ghearrfhógra chun freastal ar riachtanais an chuain. Má tá gá ag Soitheach eile le beart agus más rud é, ar aon chúis, nach féidir leis an Soitheach atá i mBeart imeacht ón mbeart nó a thabhairt chun bealaigh uaidh, mar a éilítear, is é dualgas an tSealbhóra Ceada socruithe a dhéanamh maidir leis an Soitheach eile do theacht taobh leis an Soitheach seachas é a dhaingniú den bheart mar a bheidh i gceist thairis sin. Cinnteoidh an Sealbhóir Ceada gur féidir le paisinéirí an tSoithigh eile dul ar bord an tSoithigh eile, agus dul i dtír uaidh, go sábháilte thar dheiceanna a Soithigh.
8. Mar fhostóir, tá oibleagáid dhlíthiúil ar Oibritheoirí Báid Paisinéirí / Soithigh Paisinéirí Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú de réir théarmaí Acht

2005. Ina theannta sin, beidh orthu Plean Bainistíochta Tráchta a ullmhú freisin i leith gach gné dá n-oibríochtaí ag féachaint go háirithe do bhainistiú agus rialú Paisinéirí.

9. Tá sé d'oibleagáid ar Oibritheoirí Báis Paisinéirí / Soithigh Paisinéirí gach tráth a chinntiú scuainí ordúla paisinéirí a áirithiú. Go sonrach, iarrfar ar Oibritheoirí Báid Paisinéirí / Soithigh Paisinéirí a thaispeáint don Chomhairle go dtugtar aghaidh go hiomlán ar ábhair den sórt seo trí bhíthin na bPleananna Sábháilteachta réamhráite. Beidh orthu freisin, na paisinéirí sin a choimeád, agus faireachán a dhéanamh orthu, i Limistéar Feithimh ainmnithe ar an bPiara gach tráth. Ní mór Limistéar Feithimh den sórt sin, agus bainistiú na bpaisinéirí atá ann, a chomhaontú idir an Chomhairle agus na hOibritheoirí Báid Paisinéirí / Soithigh Paisinéirí sula ndeonaítear cead chun oibriú ón gCuan.

Aontaím na coinníollacha atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh.

Ainm
Dáta

### *12.4 An Ceathrú Sceideal: Cead Soithigh Paisinéirí*

**CEAD SOITHIGH PAISINÉIRÍ** arna eisiúint faoi Fhodhlíthe Chuan Inis Oírr, Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, 2022.
Údaraítear do (Ainm Iomlán) as, (seoladh)
leis seo leis an gcead seo chun maoin Chomhairle Chontae na Gaillimhe a úsáid d'fhonn paisinéirí a thabhairt ar bord ar (Ainm an tSoithigh) nó paisinéirí a chur i dtír ó (Ainm an tSoithigh).
Tá an t-údarú seo faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sa Chomhaontú Oibriúcháin dar dáta an _____ú lá de ____________________________, 200 , agus atá i gceangal leis na Fodhlíthe seo agus faoi réir aon Fhodhlíthe agus Rialacháin faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus aon leasuithe arna ndéanamh faoin Acht sin nó aon rialacháin arna ndéanamh faoi.
Féadfar an cead seo a chúlghairm aon tráth i gcás ina meastar gur gá sin ar mhaithe le sábháilteacht, nó ar mhaithe le dea-bhainistiú nó dea-oibriú, an Chuain.
Gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfar an cead seo a chúlghairm i gcás ina sáraíonn an sealbhóir ceada nó a sheirbhísigh nó a ghníomhairí téarmaí an chomhaontaithe oibriúcháin nó ina mainníonn siad téarmaí an chomhaontaithe oibriúcháin.
Beidh an cead seo bailí ar feadh ré an deimhnithe loinge paisinéirí agus / nó ar feadh díolúine arna dheonú i leith an tSoithigh faoi na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 1998.

Arna shíniú thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

An Máistir Cuain / an Duine Údaraithe
Dáta

Déanta agus glactha faoi Chomhshéala
**Comhairle Contae na Gaillimhe**

An dáta seo 25th August 2022


**I láthair nuair a greamaíodh Comhshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe leis seo: -**

Michael Maher

**CATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE**

## Aguisíní

### 12.5 ***Aguisín 1: Líníocht Uimh. 1 – Dlínse an Chuain***




*© Ordnance Survey Ireland. Gach ceart ar cosaint*
*Uimhir Cheadúnais 2010/15CCMA/Comhairle Chontae na Gaillimhe*

# Togra: Fodhlíthe maidir le Rialáil Chéibh Inis Oírr

**SCÁLA 1:2,500**

Uasal: Derek Pender

Stiúrthóir: Seirbhísí

Infreastruchtúr & Oibríochtaí

Cuid: Dlínse Céibh Inis Oírr

Línithe: MK/PP

Deartha ag: F Holland

Seiceáilte: F Holland

Scála ag: 1:2,500

Dáta: Lúnasa 2021

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council